



An Bhruiséil, 27 Feabhra 2019
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0332(COD)

6876/1/19
REV 1

ENV 221
SAN 110
CONSOM 83
CODEC 527

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	6374/19
Uimh. an doic. ón gCoim.:	5846/18 - COM(2017) 753 final + ADD 1
Ábhar:	Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine (athmhúnlú) – Cur chuige ginearálta

I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 1 Feabhra 2018, ghlac an Coimisiún a togra athmhúnlaithe le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine¹, an Treoir maidir le hUisce Óil, mar a thugtar air.
2. Is é is aidhm don togra athmhúnlaithe seo caighdeáin cháilíocht an uisce a thabhairt cothrom le dáta, cur chuige rioscabhunaithe maidir le faireachán a dhéanamh ar uisce a thabhairt isteach, feabhas a chur ar an bhfaisnéis faoi cháilíocht an uisce agus seirbhísí uisce a chuirtear ar fáil do thomhaltóirí, caighdeáin a chomhchuibhiú d'ábhair a bhíonn i dteagmháil le huisce óil agus feabhas a chur ar an rochtain ar uisce.

¹ 5846/18 + ADD 1 go ADD 5.

3. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra ar an 11 Iúil 2018. Ghlac Coiste na Réigiún a thuairim maidir leis an togra ar an 16 Bealtaine 2018.
4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a leasuithe ar an togra ón gCoimisiún sa seisiún iomlánach ar an 23 Deireadh Fómhair 2018 (300 vóta ar a shon, 98 ina choinne agus 274 a staon).

II. AN OBAIR A RINNEADH SA CHOMHAIRLE

5. Thíolaic an Coimisiún a togra reachtach agus an measúnú tionchair a ghabhann leis chuig an Meitheal um an gComhshaol ar an 13 Feabhra 2018. Bhí plé substainteach ag an Meitheal le linn roinnt cruinnithe faoin togra agus faoin measúnú tionchair a ghabhann leis. Sainaithníodh go raibh treoir pholaitiúil ón gComhairle ag teastáil maidir le dhá shaincheist: Ábhair a bhíonn i dteagmháil le huisce óil agus rochtain ar uisce. Ar an 25 Meitheamh 2018, bhí díospóireacht beartais ag an gComhairle (Comhshaol) maidir leis an dá phríomh-shaincheist sin den togra.
6. Leanadh leis an bplé ar leibhéal na saineolaithe agus baineadh dul chun cinn suntasach amach le linn Uachtaránacht na Rómáine a chuir comhréitigh chothroma ar aghaidh maidir le roinnt gnéithe den togra athmhúnlaith, go háirithe maidir le gnó bia, an cur chuige rioscabhunaithe maidir le sábháilteacht uisce, faisnéis don phobal agus Iarscríbhinní I go IV. Fós féin, bhí amhras ar roinnt Ballstát faoi cuid d'fhorálacha an togra athmhúnlaith.
7. Reáchtáil an Uachtaránacht seisiún dhéthaobhacha leis na toscaireachtaí, ar an 12 agus an 13 Feabhra 2019, chun na hábhair is mó inní do na Ballstáit agus na línte dearga a shainaithint. Agus iad sin á gcur san áireamh, d'ullmhaigh an Uachtaránacht téacs comhréitigh agus thíolaic sí chuig Coiste na mBuanionadaithe (Coreper) é lena phlé².

² 6374/19.

8. Ar an 22 Feabhra 2019, rinne Coreper scrúdú ar an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht. Tar éis an phlé a bhí ag Coreper, chomhaontaigh an Uachtaránacht athruithe a thabhairt isteach ar Iarscríbhinn I Cuid B (Luach maidir le Luaidhe agus Nóta), ar Iarscríbhinn I Cuid C agus ar Iarscríbhinn II Cuid A (*Clostridium perfringens* agus baictéara fagach sómatach drólannach Nótaí) agus ar Iarscríbhinn III Cuid A pointe g) (maidir le *Legionella*). Ina theannta sin, chomhaontaigh an Uachtaránacht roinnt athruithe eagarthóireachta lena ndéanfaí iarracht soiléireacht an téacs a fheabhsú.
9. Leis an bplé a rinneadh ag Coreper, léiríodh freisin gur tacaíodh go forleathan le cur chuige ginearálta a bhaint amach ag an gComhairle Comhshaoil ar an 5 Márta agus, go ginearálta, gur maith an bonn é an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht leis an bplé sa Chomhairle. Le linn an chruinnithe a bhí ag Coreper, áfach, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go raibh inní fós orthu faoin dá phríomh-shaincheist den togra athmhúnlaithe.

III. NA PRÍOMHÁBHAIR IMNÍ

Ábhair a bhíonn i dteagmháil le huisce óil

10. Leis an athmhúnlú ón gCoimisiún, beartaítear modhanna tástála a chomhchuíbhiú do tháirgí a bhíonn i dteagmháil le huisce óil trí chaighdeánú faoi chuimsiú an Rialacháin um Tháirgí Foirgníochta. Le sainordú maidir le caighdeánú, a bheidh le heisiúint faoin Rialachán um Tháirgí Foirgníochta, shainmhíneofaí sonraíochtaí teicniúla agus modhanna chun tástáil a dhéanamh an gcomhlíonann táirgí a bhíonn i dteagmháil le huisce óil ceanglais sláinteachais agus sábháilteachta.

11. Ag an díospóireacht a bhí ag an gComhairle (Comhshaol) ar an 25 Meitheamh 2018, chuir na hairí in iúl go mb'fhearr leo cur chuige éagsúil agus mhol siad ina ionad ceanglais sláinteachais a leagan amach sa Treoir féin maidir le hUisce Óil. Ina dhiaidh sin, chuir grúpa Ballstát téacs ar aghaidh ina mbunófaí íoscheanglais sláinteachais d'ábhair a bhíonn i dteagmháil le huisce óil faoi chuimsiú na Treorach maidir le hUisce Óil trí ghníomhartha cur chun feidhme. Leagfaí síos an méid a leanas leis na gníomhartha cur chun feidhme sin:
- Liostaí dearfacha Eorpacha de shubstaintí tosaithe nó comhdhéanaimh a údaraítear le húsáid agus ábhair á monarú;
 - Modheolaíochtaí comónta chun substaintí nó comhdhéanaimh den chineál sin a thástáil agus chun glacadh leo;
 - Nósanna imeachta agus modhanna chun ábhair ina bhfoirm dheiridh a thástáil agus chun glacadh leo;
 - An nós imeachta i gcomhair iarratas ar shubstaintí tosaithe agus comhdhéanaimh a chur ar na liostaí dearfacha Eorpacha nó ar iad a bhaint de na liostaí sin;
 - Marc i gcomhair táirgí a bhíonn i dteagmháil le huisce óil lena gcuirtear in iúl go gcomhlíonann siad an Treoir maidir le hUisce Óil.
12. Braitheann an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht do na hairteagail maidir le hábhair a bhíonn i dteagmháil le huisce óil go mór ar an togra ó na Ballstáit sin. Ag Coreper, thacaigh tromlach mór na mBallstát leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht. Mar sin féin, chuir roinnt Ballstát nach bhfuil taithí acu ar an gcur chuige seo in iúl gur cúis imní dóibh na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar a chur chun feidhme agus d'iarr siad tuilleadh ama le hanailís a dhéanamh ar an togra. Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil gnéithe den chur chuige seo ina n-ábhar imní dó freisin.

13. Tionscnamh ó shaoránaigh na hEorpa 'CeartChunUisce' ("Right2Water") a spreag na forálacha maidir le rochtain ar uisce a fheabhsú. Tugtar isteach dhá oibleagáid nua do na Ballstáit leis an togra athmhúnlaithé ón gCoimisiún: 1) Rochtain ar uisce óil a fheabhsú agus a úsáid a chur chun cinn agus 2) gach beart is gá a ghlacadh le háirithiú go mbeidh rochtain ar uisce óil ag grúpaí leochaileacha agus ag grúpaí ar an imeall.
14. Ag an díospóireacht a bhí ag an gComhairle (Comhshaol) ar an 25 Meitheamh 2018, bhí comhaontú ginearálta i dtaobh an phrionsabail rochtain ar uisce a fheabhsú ach bhí tuairimí éagsúla ag na Ballstáit faoin dóigh a mbainfí sin amach. Ar lámh amháin, d'ardaigh cúpla Ballstát ábhair imní maidir lena oiriúnaí atá sé rialú a dhéanamh ar an oibleagáid rochtain ar uisce a chinntiú in ionstraim reachtach atá sách teicniúil agus atá in ainm is maoirseacht a dhéanamh ar chaighdeán cháilíochta uisce óil. Ar an lámh eile, chuir Ballstáit eile béim ar a thábhachtaí atá sé freagairt a thabhairt ar an tionscnamh ó shaoránaigh na hEorpa trí fhorálacha maidir le rochtain ar uisce a chuimsiú sa Treoir maidir le hUisce Óil.
15. Is léir ón bplé a bhí ag Coreper gur dócha go nglacfaidh na Ballstáit leis an togra ón Uachtaránacht maidir le rochtain ar uisce ós rud é go n-éiríonn leis an dá thrá a fhreastal i ndáil le seasaimh éagsúla na dtoscaireachtaí tríd an tsolúbthacht is gá a thabhairt chun gur féidir leis na Ballstáit bearta a ghlacadh atá sásúil dá gcúinsí geografacha, sóisialta agus cultúrtha, agus lán-urraim á tabhairt do phrionsabal na dlúthpháirtíochta.

IV. CONCLÚID

16. Maidir leis an dá phríomh-cheist, mar a léiríodh sa phlé in Coreper, bhí cothromaíocht chigilteach sa téacs comhréitigh a bhí sásúil don chuid is mó de na toscaireachtaí, bheartaigh an Uachtaránacht téacs an togra comhréitigh a choinneáil a bheag nó a mhór, seachas cúpla leasú eagarthóireachta.

17. Tá leagan athbheithnithe an téacs chomhréitigh ón Uachtaránacht leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo. Marcáiltear na hathruithe a rinneadh le hais an leagain a bhí ann roimhe seo le **cló trom agus líne faoi** agus téacs a scriosadh le [...] agus marcáiltear athruithe le hais an togra tosaigh ón gCoimisiún le **cló trom** agus téacs a scriosadh le [...]).
18. Iarrtar ar an gComhairle aghaidh a thabhairt ar na saincheistean a aithníodh a bheith ina n-ábhair inní d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin gcur chuige ginearálta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo. Is éard a bheidh sa chur chuige ginearálta, sainordú na Comhairle don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa amach anseo i gcomhthéacs an Ghnáthnós Imeachta Reachtaigh.
-

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
maidir le cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine (athmhúnlú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, go háirithe, Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa³,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún⁴

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rinneadh Treoir 98/83/CE⁵ ón gComhairle a leasú go suntasach roinnt uaireanta⁶. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh uirthi, ba cheart í a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

³ IO C [...], [...], lch. [...].

⁴ IO C [...], [...], lch. [...].

⁵ Treoir 98/83/CE ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine (IO L 330, 5.12.1998, lch. 32).

⁶ Féach Iarscríbhinn V.

- (2) Leagadh síos le Treoir 98/83/CE an creat dlíthiúil chun sláinte an duine a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha a ghabhann le héilliú aon uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine trína áirithiú go mbeadh an t-uisce glan folláin. Ba cheart an cuspóir céanna a bheith leis an Treoir seo. Ní mór, chuige sin, na híoscheanglais nach mór don uisce atá ceaptha chun na críche sin a chomhlíonadh a leagan síos ar leibhéal an Aontais . Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh lena áirithiú go mbeadh an t-uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine saor ó aon mhíocrogánaigh agus aon seadáin agus ó shubstaintí a d'fhéadfadh, i gcásanna áirithe, sláinte an duine a chur i mbaol, agus go gcomhlíonfadh sé na híoscheanglais sin.
- (3) Ní mór uiscí mianraí nádúrtha agus uiscí ar táirgí íocshláinte iad a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo toisc go gcumhdaítear na huiscí sin le Treoir 2009/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷ agus Treoir 2001/83/CÉ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸. Tá baint, áfach, ag Treoir 2009/54/CE le huiscí mianraí nádúrtha agus le fíoruiscí, agus níor cheart ach an chéad chatagóir díobh a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo. I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 9(4) de Threoir 2009/54/CE, ba cheart d'fhíoruiscí forálacha na Treorach seo a chomhlíonadh **agus i ndáil le ceanglais mhicribhitheolaíocha ba cheart d'fhíoruisce forálacha Airteagal 5 de Threoir 2009/54/CE a chomhlíonadh**. I gcás uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine agus a chuirtear i mbuidéil nó i gcoimeádáin atá beartaithe a dhíol nó a úsáid chun bia a mhonarú, a ullmhú nó a chóireáil, ba cheart don uisce sin forálacha na Treorach seo a chomhlíonadh go dtí an pointe comhlíontachta (i.e. an buacaire), agus ba cheart glacadh leis, tar éis an phointe sin, **má bheartaítear, nó má táthar ag súil leis go réasúnta, go n-ionghabhfaidh daoine é**, gur bia é i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹.

⁷ Treoir 2009/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le huiscí mianraí nádúrtha a shaothrú agus a mhargú (Athmhúnlú) (IO L 164, 26.6.2009, lch. 45).

⁸ Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

⁹ Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

Ina theannta sin, maidir le hoibreoirí gnó bia a bhfuil a bhfoinse uisce féin acu agus a úsáideann siad chun críocha sonracha a ngnó, féadfar iad a dhíolmhú ó fhorálacha na Treorach seo ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad oibleagáidí ábhartha maidir le prionsabail na hanailíse guaise agus na bpointí rialúcháin criticiúla agus gníomhaíochtaí feabhais faoi chuimsiú reachtaíocht an Aontais maidir le bia. Ba cheart d'oibreoirí gnó bia a bhfuil a bhfoinse uisce féin acu agus a gníomhaíonn mar sholáthróirí uisce forálacha na Treorach seo a chomhlíonadh mar a dhéanann gach soláthróir uisce eile.

- (4) Tar éis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh maidir leis an gceart ar uisce (Right2Water)¹⁰ a bheith tugtha i gcrích, seoladh comhairliúchán poiblí san Aontas agus rinneadh Meastóireacht REFIT (Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála) ar Threoir 98/83/CE¹¹. Léirigh na bearta sin gur ghá forálacha áirithe i dTreoir 98/83/CE a thabhairt cothrom le dáta. Aithníodh ceithre réimse a d'fhéadfaí a fheabhsú, eadhon an liosta de luachanna paraiméadracha cáilíochta, an spleáchas teoranta ar chur chuige rioscabhunaithe, na forálacha neamhbheachta maidir le faisnéis do thomhaltóirí, agus na difríochtaí idir córais formheasa le haghaidh ábhair a bhíonn i dteagmháil le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Ina theannta sin, aithníodh sa tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh maidir leis an gceart ar uisce gur fadhb mhór é nach bhfuil rochtain ag sciar den phobal, go háirithe grúpaí imeallaithe, ar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine, agus is tiomantas é sin freisin faoi Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 6 de Chlár Oibre na Náisiún Aontaithe 2030. Saincheist eile a aithníodh is ea an easpa feasachta i gcoitinne i dtaobh sceitheadh uisce, rud a tharlaíonn nuair nach leor an méid a infheistítear i gcothabháil agus in athnuachan an bhonneagair uisce, mar a luaitear freisin sa Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbonneagar uisce¹².

¹⁰ COM(2014) 177 final.

¹¹ SWD(2016) 428 final.

¹² 73 Tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Uimh. 12/2017: Tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa SR 12/2017: *Implementing the Drinking Water Directive: water quality and access to it improved in Bulgaria, Hungary and Romania, but investment needs remains substantial* [Cur Chun Feidhme na Treorach maidir le hUisce Óil: cáilíocht an uisce agus an rochtain ar uisce á bhfeabhsú sa Bhulgáir, san Ungáir agus sa Rómáin, ach tá gá le méid mór infheistíochta go fóill].

- (5) Rinne an Oifig Réigiúnach don Eoraip de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) athbhreithniú mionsonraithe ar an liosta de na paraiméadair agus na luachanna paraiméadracha a leagtar síos i dTreoir 98/83/CE d'fhonn a shuíomh an bhfuil nó nach bhfuil gá an liosta sin a chur in oiriúint i bhfianaise dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch. I bhfianaise thorthaí an athbhreithnithe¹³ sin, ba cheart pataiginí eintreacha agus Legionella a rialú, sé pharaiméadar cheimiceacha nó sé ghrúpa de pharaiméadair cheimiceacha a chur leis an liosta, agus trí cheimiceán réabtha iontálach ionadaíocha a mheas le luachanna tagarmhairc réamhchúramacha. **Ba cheart na trí cheimiceán réabtha iontálach sin a áireamh i sásra liosta faire nua a bhfuil faireachán le déanamh orthu toisc go bhféadfaidís a bheith in uisce atá beartaithe le hionghabháil ag an duine.** I gcás [...] ceithre cinn de na sé pharaiméadar nua, ba cheart luachanna paraiméadracha atá níos déine ná na luachanna sin atá molta ag EDS, ach is féidir a bhaint amach mar sin féin, a leagan síos i bhfianaise **tuairimí eolaíocha a nochtadh le déanaí** agus phrionsabal an réamhchúraim. **I dtaca le ceann amháin de na paraiméadair nua sin, laghdaíodh líon na substaintí ionadaíocha agus oiriúnaíodh an luach.** Maidir le luaidhe, **mhol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte an luach paraiméadrach reatha a choinneáil ach** thug sí dá haire gur fearr na tiúchana a bheith chomh híseal is atá sách praiticiúil[...]. **Mar sin, coinníodh an luach sin agus bearta íoslaghdaíthe ag gabháil leis lena bhféadfaí cabhrú chun luach uailmhianach níos ísle a bhaint amach laistigh de [...]thréimhse cúig bliana déag [...].** [...] I gcás cróimiam, tá an luach fós á athbhreithniú ag EDS; dá bhrí sin, [...] ba cheart idirthréimhse de [...] **chúig bliana déag** a bheith i bhfeidhm maidir leis sula dtabharfaí isteach [...] luach níos déine.
- (6) Mhol EDS na trí luach paraiméadracha a dhéanamh níos solúbtha agus cúig pharaiméadar eile a bhaint den liosta. Meastar nach gá, áfach, na hathruithe [...] **seo ar fad** a dhéanamh mar go bhfágann an cur chuige rioscabhunaithe a tugadh isteach le Treoir (AE) 2015/1787 ón gCoimisiún¹⁴ go gceadaítear do sholáthraithe uisce paraiméadar a ndéanfar faireachán air faoi dhálaí áirithe a bhaint den liosta. Tá teicnící cóireála i bhfeidhm cheana chun na luachanna paraiméadracha sin a bhaint amach.

¹³ Tionscadail Comhair maidir le Paraiméadair Uisce Óil de chuid Oifig Réigiúnach EDS san Eoraip "Support to the revision of Annex I Council Directive 98/83/EC on the quality of water intended for human consumption (Drinking Water Directive) Recommendation", 11.09.2017.

¹⁴ Treoir (AE) 2015/1787 ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2015 lena leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 98/83/CE ón gComhairle maidir le cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine (IO L 260, 7.10.2015, lch. 6).

- (6a) Tá na luachanna paraiméadracha bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíoch atá ar fáil agus ar phrionsabal an réamhchúraim agus roghnaítear iad chun a áirithiú gur féidir uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a thomhailt go sábháilte ar feadh an tsaoil, agus ar an gcuma sin, áirithítear ardleibhéal cosaint sláinte;**
- (6b) Ba cheart cothromaíocht a bhaint amach chun cosc a chur ar rioscaí micribitheolaíocha agus ceimiceacha araon agus chuige sin, i bhfianaise athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar na luachanna paraiméadracha, ba cheart bunú luachanna paraiméadracha is infheidhme maidir le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a bheith bunaithe ar mheasúnaithe sláinte phoiblí agus ar mhodh chun riosca a mheasúnú;**
- (7) I gcás inar gá sin a dhéanamh chun sláinte an duine a chosaint laistigh dá gcríocha, ba cheart ceangal a bheith ar na Ballstáit luachanna a shocrú le haghaidh paraiméadair bhreise nach bhfuil san áireamh in Iarscríbhinn I .**
- (7a) Ní hamháin go gciallaíonn uisce sábháilte atá ceaptha do thomhaltas an duine uisce gan miocrorgánaigh nó substaintí dochracha a bheith ann, ach ciallaíonn sé freisin méid áirithe mianraí nádúrtha agus comhdhúile riachtanacha a bheith ann, ag cur san áireamh go bhféadfaí dochar a dhéanamh do shláinte an duine dá dtomhlófaí uisce dímhianraithe nó uisce ina bhfuil méid íseal comhdhúile riachtanacha amhail cailciam agus maignéisiam. Tá méid áirithe de na mianraí sin ríthábhachtach freisin chun a áirithiú nach bhfuil an t-uisce ionsaitheach ná creimneach agus chun blas an uisce a fheabhsú. D'fhéadfaí tiúchana ísle de na mianraí sin in uisce bog nó dímhianraithe a mheas i gcomhréir le coinníollacha áitiúla.**

- (8) Níor cuireadh eilimintí pleanála sábháilteachta coiscthí ná eilimintí rioscabhunaithe san áireamh ach go pointe áirithe i dTreoir 98/83/CE. Tugadh isteach na chéad eilimintí de chóras rioscabhunaithe cheana féin in 2015 le Treoir (AE) 2015/1787 lenar leasaíodh Treoir 98/83/CE le go bhféadfadh na Ballstáit imeacht ó na cláir faireacháin a bhí bunaithe acu, ar choinníoll go ndéanfaí measúnuithe riosca inchreidte a d'fhéadfaí a bhunú ar na Treoirlínte ó EDT maidir le Cáilíocht Uisce Óil¹⁵. Tá na Treoirlínte sin lena leagtar síos cur chuige an "Phlean Sábháilteachta Uisce", mar a thugtar air, **lena n-áirítear do chomhphobail bheaga**¹⁶, agus caighdeán EN 15975-2 a bhaineann le slándáil an tsoláthair uisce óil, ina bprionsabail a aithnítear go hidirnáisiúnta ar dá réir a bhunaítear táirgeadh, dáileadh, faireachán agus anailísíú na bparaiméadar maidir leis an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Ba cheart iad a choinneáil sa Treoir seo. Lena áirithiú nach bhfuil na prionsabail sin teoranta do ghnéithe faireacháin amháin, chun am agus acmhainní a dhíriú ar rioscaí a bhfuil tábhacht leo agus ar bhearta costéifeachtacha atá dírithe ar an bhfoinse, agus chun a sheachaint go ndéanfar anailísí agus iarrachtaí ar shaincheisteanna neamhábhartha agus nach gcuirfear acmhainní amú ar na saincheisteanna sin, is iomchuí cur chuige cuimsitheach rioscabhunaithe **maidir le sábháilteacht uisce** a thabhairt isteach, [...] **lena gcumhdaítear** an slabhra soláthair [...] **ina iomláine**, ón **dobharcheantar**, astarraingt [...], **cóireáil, stóráil agus** [...] dáileadh an uisce [...] go dtí an pointe comhlíontachta. Trí chomhpháirt is ceart a bheith sa chur chuige sin: ar an gcéad dul síos, go ndéanfaí [...] measúnú ar na guaiseacha a bhaineann leis **an dobharcheantar nó na dobharcheantair do na pointí** [...] astarraingthe ("measúnú [...] **riosca agus bainistiú riosca ar an dobharcheantar nó na dobharcheantair do na pointí astarraingthe**"), i gcomhréir leis na Treoirlínte ó EDS agus Lámhleabhar an Phlean Sábháilteachta Uisce¹⁷; ar an dara dul síos, go mbeadh an deis ag an soláthróir uisce an faireachán a dhéanfar a chur in oiriúint do na príomhrioscaí atá ann **agus na bearta riachtanacha a dhéanamh chun na rioscaí a shainaithnítear sa slabhra soláthair a bhainistiú ó astarraingt, cóireáil, stóráil agus dáileadh an uisce** ("measúnú riosca [...] **agus bainistiú riosca don chóras soláthair**"); agus, ar an tríú dul síos, go ndéanfaí [...] Ballstát measúnú ar na rioscaí a d'fhéadfadh teacht as na córais dáileacháin baile (e.g. Legionella nó luaidhe) ("[...] measúnú riosca **agus measúnú riosca ar an gcóras dáileacháin baile**"). Ba cheart na measúnuithe sin a athbhreithniú go rialta, *inter alia*, i bhfianaise bagairtí de dheasca eachtraí adhaimsire a bhaineann leis an aeráid, athruithe aitheanta ar ghníomhaíocht an duine

¹⁵ Guidelines for drinking water quality, an ceathrú heagrán, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2011
http://www.who.int/water_sanitation_health/publications/2011/dwq_guidelines/en/index.html.

¹⁶ http://www.euro.who.int/__data/assets/pdf_file/0004/243787/Water-safety-plan-Eng.pdf;
https://apps.who.int/iris/bitstream/handle/10665/75145/9789241548427_eng.pdf;jsessionid=2F74141084126319713559E5F4E854C2?sequence=1

¹⁷ [Water Safety Plan Manual: step-by-step risk management for drinking water suppliers], an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2009,
http://apps.who.int/iris/bitstream/10665/75143/1/9789242562637_fre.pdf.

sa limistéar astarraingthe nó teagmhas a bhaineann leis an bhfoinse. Áirithítear leis an gcur chuige rioscabhunaithe go mbeidh faisnéis á malartú ar bhonn leanúnach idir na húdaráis inniúla agus na soláthróirí uisce.

D'fhonn an t-ualach riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ar na soláthróirí uisce a sholáthraíonn idir 10 m³ agus 100 m³ in aghaidh an lae mar mheán nó a fhónann idir 50 agus 500 duine, d'fhéadfadh na Ballstáit iad a dhíolmhú ó mheasúnú riosca ar an soláthar a dhéanamh ar an gcoinníoll go ndéantar faireachán rialta i gcomhréir le hAirteagal 11.

- (9) Ba cheart an measúnú [...] **riosca agus an bainistiú riosca ar an dobharcheantar nó na dobharcheantair don phointe nó do na pointí astarraingthe** a cheapadh ionas go laghdódh sé an méid cóireála is gá a dhéanamh chun an t-uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a tháirgeadh, mar shampla laghdú ar na brúnna is cúis le truailliú na ndobharlach a úsáidtear chun uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a astarraingt. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit [...] **dobharcheantar nó dobharcheantair an phointe nó na bpointí astarraingthe a thréithriú**, guaiseacha **agus eachtraí guaiseacha a shainaithint a d'fhéadfadh cáilíocht an uisce a mheath**, [...] e.g. foinsí truailliúcháin a bhféadfadh baint a bheith acu leis [...] **an dobharcheantar nó na dobharcheantair sin, [...] [...] agus, nuair is gá chun guaiseacha a shainaithint**, faireachán a dhéanamh ar na truailléin sin atá aitheanta acu mar thruailléin ábhartha, [...] (e.g. [...], níotráití, lotnaidicídí nó cógais a aithnítear faoi Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁸), ós rud é go bhfuil siad i láthair ó nádúr sa limistéar astarraingthe (e.g. arsanaic), nó i bhfianaise faisnéise a fuarthas ó na soláthróirí uisce (e.g. méadú tobann ar pharaiméadar áirithe in amhuisce). **Bunaithe ar an measúnú riosca ar an dobharcheantar nó ar na dobharcheantair don phointe nó do na pointí astarraingthe, ba cheart bearta bainistithe a dhéanamh chun na rioscaí sainaitheanta a chosc nó a rialú ionas go n-áiritheofar cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. [...] I gcás ina bhfionnann Ballstát, trí ghuaiseacha agus eachtraí guaiseacha a shainaithint, nach bhfuil paraiméadar ann i ndobharcheantar nó dobharcheantair don phointe nó na pointí astarraingthe (mar shampla toisc nach mbíonn an tsubstaint sin ann riamh i screamhuisce nó in uisce dromchla), ba cheart go ndéanfaidh an Ballstát sin na soláthróirí uisce ábhartha a chur ar an eolas agus d'fhéadfadh sé an deis a thabhairt dóibh laghdú a dhéanamh ar mhinicíocht an fhaireacháin don pharaiméadar sin nó an paraiméadar a bhaint ar fad ón liosta paraiméadar a gcaithfear faireachán a dhéanamh orthu, gan measúnú ar riosca soláthair a dhéanamh.**

¹⁸ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

- (10) [...]Cuireann Treoir 2000/60/CE de cheangal ar na Ballstáit dobharlaigh a shainaithint a úsáidtear chun uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a astarraingt, faireachán a dhéanamh orthu, agus na bearta is gá a dhéanamh ionas nach dtiocfadh meath ar cháilíocht na ndobharlach sin d'fhonn an leibhéal íonghlanta is gá a laghdú chun uisce atá oiriúnach do thomhaltas an duine a tháirgeadh. Ionas nach dtarlódh aon dúbailt sna dualgais, ba cheart do na Ballstáit, agus guaiseacha **agus eachtraí guaiseacha á sainaithint** [...] acu, [...] leas [...] a bhaint as an bhfaireachán **atá ar fáil** agus a dhéantar faoi Airteagal 7 agus Airteagal 8 de Threoir 2000/60/CE [...] **nó faoi reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais, atá ionadaíoch ó thaobh an dobharcheantair nó na ndobharcheantar de. Ina ainneoin sin, i gcásanna nach bhfuil sonraí faireacháin den chineál sin ar fáil, d'fhéadfaí faireachán ar pharaiméadair, substaintí nó truailleáin ábhartha a chur ar bun chun tacú le tréithriú an dobharcheantair nó na ndobharcheantar agus chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann. Ba cheart faireachán den chineál sin a chur ar bun agus cásanna áitiúla agus foinsí truailleán á gcur san áireamh.**

(11) Na luachanna paraiméadracha a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine, is gá iad a chomhlíonadh ag an bpointe ina gcuirtear uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine ar fáil don úsáideoir cuí. Is féidir, áfach, leis an gcóras dáileacháin baile difear a dhéanamh do cháilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Tá sé tugtha faoi deara ag EDS gur *Legionella* is cúis leis an ualach is mó ó thaobh na sláinte de, san Aontas, as na pataiginí uisce-iompartha uile. Tarchuirtear é i gcórais uisce the trí ionanálú, le linn cithfholcadh cuir i gcás. Tá nasc soiléir idir é agus an córas dáileacháin baile, dá bhrí sin. Dá mba rud é go dtiocfadh costas atá i bhfad ró-ard as aon oibleagáid aontaobhach lena bhforchuirfí faireachán a dhéanamh ar gach áitreabh príobháideach agus poiblí i leith na pataigine sin, b'oiriúnaí measúnú riosca a dhéanamh ar an gcóras dáileacháin baile chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin. Ina theannta sin, ba cheart na rioscaí a d'fhéadfadh teacht as táirgí agus ábhair a bhíonn i dteagmháil le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a mheas, freisin, sa mheasúnú riosca ar an gcóras dáileacháin baile. Ba cheart a áireamh, dá bhrí sin, *inter alia*, sa mheasúnú riosca ar an gcóras dáileacháin baile faireachán a dhéanamh ar áitribh thosaíochta **a aithníonn na Ballstáit (amhail ospidéal, institiúidí cúram sláinte, áiseanna cúram leanaí, scoileanna, institiúidí oideachais, foirgnimh a bhfuil lóistín le fáil iontu, bialanna, ionaid spóirt agus siopadóireachta, forais phionóis agus láithreacha campála)**, agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a thagann as an gcóras dáileacháin baile agus táirgí gaolmhara agus ábhair ghaolmhara, [...] ¹⁹[...] ²⁰[...]. Ba cheart do na Ballstáit, ar bhonn an mheasúnaithe sin, gach beart is gá a dhéanamh lena áirithiú, *inter alia*, go bhfuil bearta rialaithe agus bainistithe iomchuí (e.g. i gcás ráigeanna) i bhfeidhm, i gcomhréir le teoracha EDS²¹, agus nach gcuirfidh an t-ascnamh sin as táirgí foirgníochta sláinte an duine i mbaol. [...]

(12) I gcás fhorálacha Threoir 98/83/CE maidir leis an gcóireáil, an trealamh agus na hábhair a dhearbhu ó thaobh na cáilíochta de, níor éirigh leo dul i ngleic leis na bacainní atá ar an margadh inmheánach a fhad a bhaineann le saorghluaiseacht táirgí foirgníochta a bhíonn i dteagmháil le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Tá formheasanna náisiúnta táirgí fós i bhfeidhm agus athraíonn na ceanglais ó Bhallstát go chéile. Fágann sin gur deacair agus gur costasach do mhonaróirí a dtáirgí a mhargú i ngach áit san Aontas. Féadfar deireadh

¹⁹ [...]

²⁰ [...]

²¹ "Legionella and the prevention of Legionellosis", an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2007, http://www.who.int/water_sanitation_health/emerging/legionella.pdf

éifeachtach a chur le bacainní teicniúla [...] trí **íoscheanglais chomhchuibhithe maidir le hábhair** [...] a bhíonn i dteagmháil le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a leagan síos sa Rialachán seo[...]. [...] ²²[...] [...]

²² [...]

(12a) D'fhéadfadh cineál na n-ábhar a bhíonn i dteagmháil le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine tionchar a bheith aige ar cháilíocht an uisce sin de dheasca ascnaimh as substaintí a d'fhéadfadh a bheith dochrach, fás miocróbach a fheabhsú [...] nó tionchar a imirt ar bholadh, dath nó blas an uisce sin. Leis an measúnú ar Threoir 98/83/CE, fuarthas amach go raibh an iomarca den tsolúbthacht dhlíthiúil i gceist leis an Airteagal maidir le cóireáil, trealamh agus ábhair a dhearbhu ó thaobh na cáilíochta de, rud as a dtáinig córais formheasa náisiúnta éagsúla le haghaidh ábhair a bhíonn i dteagmháil le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, ní mór íoscheanglais shláinteacha níos sonraí a bhunú d'ábhair atá ceaptha le húsáid le haghaidh astarraingt, cóireáil nó dáileadh an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine i suiteálacha nua nó i suiteálacha atá ann cheana i gcás oibreacha deisiúcháin nó atógála nó suiteálacha nua chun a áirithiú nach gcuireann siad isteach go díreach ná go hindíreach ar shláinte an duine, nach ndéanann siad difear do dhath, boladh nó blas an uisce, nach méadaíonn siad fás miocróbach san uisce nó nach láistean siad ábhair shalaithe isteach san uisce ar leibhéil is airde ná is gá i bhfianaise an chuspóra a bheartaítear leo.

Chun na críche sin, ba cheart íoscheanglais shláinteacha d'ábhair, substaintí tosaithe [...] nó comhdhéanaimh a leagan amach sa Treoir seo, trí mhodheolaíochtaí measúnaithe, liostaí dearfacha Eorpacha, modhanna agus nósanna imeachta (riaracháin) a bhunú chun substaintí tosaithe nó comhdhéanaimh atá ar liostaí dearfacha agus modheolaíochtaí measúnaithe d'ábhair [...] dheiridh a chur leis na liostaí nó a athbhreithniú.

Is éard iad na liostaí dearfacha Eorpacha liostaí de na substaintí tosaithe nó comhdhéanaimh, ag brath ar chineál na n-ábhar (orgánach, stroighne, miotalach, cruain agus criaga nó ábhair neamhorgánacha eile) a údaraítear le húsáid chun ábhair a mhonarú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, coinníollacha lena n-úsáid agus do teorainneacha ascnaimh. Chun substaint tosaithe nó comhdhéanamh a chur san áireamh i riosca dearfach, ní mór measúnú riosca a dhéanamh ar an tsubstaint tosaithe féin, ar eisíontais ábhartha agus ar tháirgí imoibriúcháin agus díghrádúcháin a d'fhéadfaí a thuar maidir leis an úsáid a bheartaítear. Leis an measúnú riosca, ba cheart an t-ascnamh a d'fhéadfadh a bheith ann faoi na coinníollacha úsáide is measa is féidir a thuar agus an tocsaineacht a chumhdach. Bunaithe ar an measúnú riosca, caitear a leagan amach san údarú, más gá, sonraíochtaí maidir leis an tsubstaint tosaithe nó an comhdhéanamh agus srianta ar úsáid, srianta cainníochtúla nó teorainneacha ascnaimh don tsubstaint tosaithe, eisíontais a d'fhéadfadh a bheith ann agus táirgí imoibriúcháin nó comhábhair chun sábháilteacht an ábhair nó an airteagail deiridh a áirithiú.

D'fhéadfadh eisíontais de bhunús a bpróiseas monaraíochta nó eastósctha a bheith sna substaintí tosaithe nó sna comhdhéanaimh a úsáidtear agus ábhair nó earraí á monarú. Ní chuirtear na heisíontais sin le substaint eile neamhbheartaithe d'aon ghnó, ar substaint í a fhoirmítear i dtáirgeadh nó in úsáid an ábhair (substaint nach gcuirtear d'aon ghnó - NIAS). A mhéid is ábhartha iad mar thoradh ar an measúnú riosca, ba cheart na heisíontais nó na táirgí imoibriúcháin de shubstaint tosaithe a mheas agus, más gá, a chur san áireamh i sonraíochtaí substainte tosaithe.

Is ionann ábhair mhiotalacha agus eilimintí agus eisíontais chóimhiotalaithe.

Formheastar iad trí comhdhéanaimh tástáilte agus formheasta a liostáil i

Liosta Dearfach Eorpach. Sainmhínítear na comhdhéanaimh sin le hábhar na n-eilimintí cóimhiotalaithe agus le huasábhar na n-eisíontas.

D'fhonn tástáil aonfhoirmeach comhlíonta táirgí a éascú i dtaca le ceanglais na Treorach seo, d'fhéadfadh an Coimisiún a iarraidh ar CEN caighdeáin chomhchuibhithe tástála agus caighdeáin táirge a fhorbairt. Agus na liostaí dearfacha Eorpacha á dtabhairt cothrom le dáta aige, áiritheoidh an Coimisiún comhoiriúnacht idir an Treoir seo agus na caighdeáin táirge a forbraíodh faoi chuimsiú reachtaíocht táirge an Aontais.

Ní mór ceanglais na Treorach seo a mheas i rialú táirge amhail Rialachán (AE) Uimh. 305/2011. De réir na rialachán sin, caithfear measúnú agus fíorú seasmhachta feidhmíochta (AVCP) a eisiúint. Le Cinneadh (2002/359/CE) ón gCoimisiún, ceanglaítear an córas 1 + do tháirgí foirgníochta a bhíonn i dteagmháil le huisce óil. Ba cheart an córas seo d'fhianú comhréireachta a bheith i bhfeidhm freisin maidir le táirgí eile a bhíonn i dteagmháil le huisce óil.

Ina theannta sin, tráth nach déanaí ná [...] 2 mbliana tar éis dháta thrasúí na Treorach seo, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an chórais sin chun a mheas an áirithítear nó nach n-áirithítear sláinte an duine a chosaint ar fud an Aontais agus an áirithítear nó nach n-áirithítear feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh do tháirgí a bhíonn i dteagmháil le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Sa bhreis air sin, ba cheart a mheas an bhfuil nó nach bhfuil gá le haon togra reachtach breise maidir leis an ábhar, agus toradh na meastóireachta ar Rialacháin (AE) Uimh. 1935/2004 agus Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 á cur san áireamh go háirithe.

(12 a nua) D'fhéadfaí ceimiceáin chóireála agus meáin scagaire a úsáid chun an t-amhuisce a chóireáil d'fhonn uisce atá oiriúnach do thomhaltas an duine a fháil. D'fhéadfadh rioscaí do shábháilteacht uisce óil a bheith ag baint le ceimiceáin chóireála agus meáin scagaire, áfach. Dá bhrí sin, leis na nósanna imeachta maidir le huisce óil a chóireáil agus a dhífhachtú, ní mór a áirithiú go n-úsáidtear ceimiceáin chóireála agus meáin scagaire atá éifeachtach, slán agus a bhainistítear go cuí chun éifeachtaí dochracha ar shláinte an tomhaltóra a sheachaint. Ó thaobh an mhéid sin de, ní mór ceimiceáin chóireála agus meáin scagaire a mheas i ndáil leis na tréithe agus na ceanglais sláinteacha atá acu, agus i ndáil lena n-íonacht, agus níor cheart iad a úsáid níos mó ná a bhfuil gá leis chun rioscaí do shláinte an duine a sheachaint. Ní chuirfear feabhas ar an bhfás miocróbach le ceimiceáin chóireála ach i gcás inarb amhlaidh a bhí i gceist a dhéanamh (e.g. dínítriginíú miocróbach). Ba cheart do na Ballstáit na ceimiceáin chóireála agus na meáin scagaire a dhearbhu ó thaobh na cáilíochta de gan dochar do Rialachán (Uimh. 528/2012) maidir le Bithicíidí agus trí úsáid a bhaint as caighdeáin EN atá ann cheana, nuair is ann dóibh.

Tá sé ríthábhachtach le háirithiú go mbeidh marcáil shoiléir, dhoscrista atá éasca le léamh ar gach táirge, agus ar choimeádáin de imoibrithe ceimiceáin agus meáin scagaire a bhíonn i dteagmháil le huisce óil agus a chuirtear ar an margadh, agus leis an marcáil sin go gcuirtear in iúl do thomhaltóirí, do sholáthróirí uisce, do shuiteálaithe, d'údaráis agus do rialtóirí go bhfuil an táirge oiriúnach lena úsáid i dteagmháil le huisce óil (de réir na gcoinníollacha a léiríodh san údarú lena mbaineann).

- (12b) D'fhonn an méid luaidhe a d'fhéadfadh a bheith in uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a laghdú, is féidir comhchodanna luaidhe de chórais dáileacháin baile a ionadú nuair is indéanta ó thaobh na heacnamaíochta agus na teicneolaíochta de, go háirithe i gcás oibreacha deisiúcháin nó atógála i suiteálacha atá ann cheana. D'fhéadfaí na comhchodanna sin a ionadú le hábhair a chomhlíonann na híoscheanglais d'ábhair a bhíonn i dteagmháil le huisce a bhunaítear leis an Treoir seo. D'fhonn luas a chur leis an bpróiseas, d'fhéadfadh na Ballstáit bearta a thuar chun comhchodanna luaidhe de chórais dáileacháin baile a ionadú nó bearta eile iomchuí a dhéanamh chun feasacht a ardú faoi na rioscaí a shainaitheann.
- (13) Ba cheart do gach Ballstát a áirithiú go mbunófaí cláir faireacháin chun a sheiceáil cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine ceanglais na Treorach seo. Is soláthróirí uisce, den chuid is mó, a dhéanfaidh formhór an fhaireacháin a dhéanfar chun críocha na Treorach seo. Ba cheart solúbthacht áirithe a thabhairt do sholáthraithe uisce maidir leis na paraiméadair a ndéanann siad faireachán orthu chun críocha an mheasúnaithe riosca [...] **agus an bhainistithe riosca ar an gcóras soláthair**. Mura ndéanfaí paraiméadar áirithe a bhrath, ba cheart do sholáthraithe uisce a bheith in ann minicíocht an fhaireacháin a íslíú nó deireadh a chur leis an bhfaireachán ar an bparaiméadar sin trí chéile. Ba cheart an measúnú riosca [...] **ar an gcóras soláthair** a chur i bhfeidhm maidir le formhór na bparaiméadar. Ba cheart faireachán a dhéanamh ar chroílíosta paraiméadar ar bhonn minicíocht íosta áirithe. Is é a leagtar síos leis an Treoir sin, den chuid is mó, forálacha maidir leis an minicíocht faireacháin chun críocha seiceálacha comhlíontachta agus ní leagtar síos léi ach forálacha teoranta maidir leis an bhfaireachán chun críocha oibriúcháin. Féadfaidh sé go mbeidh gá le faireachán breise a dhéanamh chun críocha oibriúcháin lena áirithiú go mbeidh an chóireáil uisce ag feidhmiú i gceart, faoi lánrogha na soláthróirí uisce. Ina leith sin, féadfaidh na soláthróirí uisce tagairt a dhéanamh do na Treoirínte ó EDS agus Lámhleabhar an Phlean Sábháilteachta Uisce.

- (14) Ba cheart an cur chuige rioscabhunaithe a bheith i bhfeidhm [...] ag gach soláthróir uisce, agus mionsoláthróirí uisce san áireamh, ós rud é gur léirigh an mheastóireacht a rinneadh ar Threoir 98/83/CE go raibh easnaimh ann sa chaoi a gcuirtear chun feidhme í maidir leis na mionsoláthróirí sin, arb é an costas a bhaineann le feidhmeanna faireacháin neamhriachtanacha is gá a dhéanamh is cúis leis uaireanta. Ba cheart aon ábhar imní slándála atá ann a chur san áireamh agus an cur chuige rioscabhunaithe á chur i bhfeidhm.
- (15) I gcás nach gcomhlíontar na caighdeáin a fhorchuirtear leis an Treoir seo, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann imscrúdú a dhéanamh láithreach ar an gcúis leis an neamhchomhlíonadh agus a áirithiú go ndéanfaí an ghníomhaíocht feabhais is gá a luaithe is féidir chun an cáilíocht uisce a athbhunú. I gcásanna ina bhféadfaidh an soláthar uisce sláinte an duine a chur i mbaol, ba cheart soláthar an uisce sin a thoirmeasc nó srian a chur lena úsáid. [...] I gcásanna ina mbeadh gá le gníomhaíocht feabhais chun cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a athbhunú, i gcomhréir le hAirteagal 191(2) den Chonradh, ba cheart díriú ar dtús ar ghníomhaíocht lena réiteofaí an fhadhb ag an bhfoinse.

(15 bis)[...] Ba cheart na Ballstáit a údarú, faoi chuimsiú coinníollacha áirithe, chun maoluithe ar an Treoir seo a dheonú agus i ndáil leis an méid sin, ní mór creat cuí a bhunú do mhaoluithe den chineál sin, ar an gcoinníoll nach ionann iad agus contúirt a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte an duine agus ar an gcoinníoll nach féidir an soláthar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine sa réimse lena mbaineann a choinneáil ar bun ar aon bhealach réasúnta eile. Maidir le maoluithe a dheonaigh Ballstáit de bhun Airteagal 9 de Threoir 98/83/CE agus atá fós i bhfeidhm ar dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo, ba cheart dóibh leanúint de bheith i bhfeidhm [...] go dtí go dtiocfaidh deireadh leis an maolú, [...] agus ba cheart iad a athnuachan faoi chuimsiú na Treorach seo ach amháin i gcás nár deonaíodh an dara maolú go fóill.

(16) [...] Sa fhreagra a thug an Coimisiún ar an tionscnamh ó na saoránaigh 'Right2Water' in 2014²³, iarradh ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain ag gach saoránach ar sholáthar íosta uisce, i gcomhréir le moltaí EDS. Thug sé gealltanais freisin leanúint "to improve access to safe drinking water [...] for the whole population through environmental policies" [den fheabhas atáthar a chur ar uisce óil sábháilte [...] don daonra ar fad trí bheartais comhshaoil]²⁴. Tá sé sin i gcomhréir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 6 de chuid na Náisiún Aontaithe agus leis an sprioc ghaolmhar chun "achieve universal and equitable access to safe and affordable drinking water for all" [rochtain uilíoch chothrom ar uisce óil sábháilte atá ar phraghas réasúnta a bhaint amach do chách]²⁵. Sa Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le "hobair a leanann as an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh Right2Water"²⁵, iarradh "go dtabharfadh na Ballstáit aird speisialta ar na riachtanais atá ag grúpaí leochaileacha sa tsochaí"²⁶. [...] ²⁷ [...]

²³ COM(2014) 177 final.

²⁴ COM(2014) 177 final, lch. 12.

²⁵ P8_TA(2015)0294.

²⁶ P8_TA(2015)0294, mír 62.

²⁷ [...]

(17) Tá an tAontas gona Bhallstáit tiomanta, faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach, do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, agus ag an am céanna, aithníonn siad príomhfhreagracht na mBallstát san obair leantach agus san athbhreithniú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus domhanda ar an dul chun cinn i dtreo SDGanna. Ní thagann cuid de na SDGanna, lena n-áirítear an ceart ar uisce, faoi chuimsiú bheartas comhshaoil an Aontais nó bheartas sóisialta an Aontais, atá teoranta agus comhlántach. Agus teorainneacha inniúlacht an Aontais á gcur san áireamh, is iomchuí mar sin féin a áirithiú gur cheart tiomantas leanúnach na mBallstát don cheart ar uisce a bheith i gcomhréir leis an Treoir seo, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabal na coimhdeachta.

I ndáil leis sin, déanann na Ballstáit sár-iarrachtaí faoi láthair chun feabhas a chur ar an rochtain ar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Sa bhreis air sin, leis an bPrótacal maidir le hUisce agus Sláinte de chuid Choinbhinsiún Uisce UNECE, a bhfuil go leor Ballstát páirtithe ann, díritear ar [...] shláinte an duine a chosaint trí bhainistiú dramhaíola níos fearr agus trí ghalair a bhaineann le huisce a laghdú. D'fhéadfadh na Ballstáit úsáid a bhaint as na doiciméid teorach a fhorbraítear faoi réimeas an Phrótacail seo chun an cúlra beartais²⁸ agus an cás bunlíne maidir le rochtain ar uisce²⁹ a mheas agus chun na gníomhaíochtaí riachtanacha a shainmhíniú³⁰ chun feabhas a chur ar rochtain chothrom do chách.

²⁸ https://www.unece.org/env/water/publications/ece_mp.wh_6.html

²⁹ https://www.unece.org/env/water/publications/ece_mp.wh_8.html

³⁰ <https://www.unece.org/environmental-policy/conventions/water/envwaterpublicationspub/brochuresabout-the-protocol-on-water-and-health/2016/guidance-note-on-the-development-of-action-plans-toensure-equitable-access-to-water-and-sanitation/doc.html>

(18) [...] ³¹[...] ³²[...] ³³[...] ³⁴[...]

³¹ [...]
³² [...]
³³ [...]
³⁴ [...]

(19) Ceanglaítear leis an seachtú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol go dtí 2020, dar teideal "Living well, within the limits of our planet"³⁵, go mbeidh teacht ag an bpobal ar fhaisnéis shoiléir faoin gcomhshaol ar an leibhéal náisiúnta. Ní raibh foráilte le Treoir 98/83/CE ach go mbeadh rochtain éighníomhach ann ar fhaisnéis, rud a chiallaíonn nach raibh ar na Ballstáit ach a áirithiú go raibh faisnéis le fáil. Ba cheart na forálacha sin a ionadú, dá bhrí sin, lena áirithiú go mbeadh sé éasca teacht ar fhaisnéis atá cothrom le dáta **maidir le cáilíocht an uisce**, ar shuíomh gréasáin, cuir i gcás, ar ceart dó a bheith gníomhach ag scaipeadh naisc leis **nó ar bhealach eile de réir mar is iomchuí**. Ba cheart a bheith san fhaisnéis atá cothrom le dáta [...] ar a laghad, **praghas nó costas uisce a sholáthraítear in aghaidh an lítir nó an mhéadair chiúbaigh, mar aon le torthaí as na cláir faireacháin, cineálacha cóireála uisce agus dífhabhaithe a chuirtear i bhfeidhm, faisnéis faoi shárú na luachanna paraiméadracha is ábhartha do shláinte an duine, faisnéis ábhartha faoi mheasúnú riosca agus bainistiú riosca ar an gcóras soláthair, comhairle faoin gcaoi a laghdaítear tomhaltas uisce agus a seachnaítear rioscaí sláinte de dheasca bodharuisce**, ach freisin faisnéis bhreise a d'fhéadfadh a bheith úsáideach don phobal, faisnéis faoi tháscairí (iarann, cruas, mianraí, etc.), cuir i gcás, a mbíonn tionchar acu go minic ar an dearcadh a bhíonn ag tomhaltóirí ar uisce buacaire. **Ina theannta sin, mar fhreagairt do leasanna tomhaltóirí maidir le saincheisteanna uisce, ba cheart rochtain a thabhairt dóibh, arna iarraidh sin, ar shonraí stairiúla atá ar fáil faoi thorthaí faireacháin agus cineálacha cóireála.** [...]

Glactar leis go gcuirfear leis an iontaoibh atá ag saoránaigh as an soláthar uisce a chuirtear ar fáil dóibh má bhíonn eolas níos fearr ag an tomhaltóir agus trédhearcacht níos mó ann. Táthar ag súil le go bhfágfaidh sin go mbainfear úsáid níos forleithne as uisce buacaire, rud a d'fhágfadh, dá réir sin, laghdú ar an mbruscar plaisteach agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus tionchar dearfach ar mhaolú an athraithe aeráide agus ar an gcomhshaol trí chéile.

³⁵ Cinneadh Uimh. 1386/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 ar Chlár Ginearálta Gníomhaíochta don Chomhshaol de chuid an Aontais go dtí 2020 dar teideal "Living well, within the limits of our planet" (IO L 354, 28.12.2013, lch. 171).

- (20) [...]
- (21) [...]

- (22) Is é is aidhm do Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁶ an ceart rochtana ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a ráthú sna Ballstáit i gcomhréir le Coinbhinsiún Aarhus. Cuimsítear oibleagáidí ginearálta a bhaineann le faisnéis faoin gcomhshaol a bheith ar fáil, ach í a iarraidh, agus a bheith gníomhach i scaipeadh na faisnéise sin. Tá raon feidhme ginearálta freisin le Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁷, agus cuimsíonn sí scaipeadh faisnéise spásúla, lena n-áirítear tacair shonraí maidir le hábhair éagsúla chomhshaoil. Ba thábhachtach go mbeadh forálacha na Treorach seo a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis agus le socruithe malartaithe sonraí ag comhlánú na dTreoracha sin agus nach gcruthóidh siad córas dlí ar leith. Ba cheart d'fhorálacha na Treorach seo maidir le faisnéis don phobal agus maidir le faisnéis faoin bhfaireachán ar chur chun feidhme na Treorach a bheith gan dochar do Threoir 2003/4/CE agus do Threoir 2007/2/CE.
- (23) Níor leagadh síos oibleagáidí tuairiscithe le haghaidh mionsoláthraithe uisce i dTreoir 98/83/CE. Chun an cás sin a leigheas, agus chun aghaidh a thabhairt ar an ngá le faisnéis ar chur chun feidhme agus ar chomhlíonadh, ba cheart córas nua a thabhairt isteach trína gceanglófaí ar na Ballstáit tacair shonraí nach bhfuil iontu ach sonraí ábhartha amháin, amhail sáruithe ar luachanna paraiméadracha agus teagmhais a bhfuil tábhacht áirithe ag baint leo, a bhunú, a choinneáil cothrom le dáta agus a chur ar fáil don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil. D'fhágfadh sin go mbeadh an t-ualach riaracháin ar na heintitis uile chomh teoranta agus ab fhéidir. D'fhonn bonneagar iomchuí a áirithiú le haghaidh rochtain phoiblí, tuairisciú agus malartú sonraí idir na húdaráis phoiblí, ba cheart do na Ballstáit na sonraíochtaí sonraí a bhunú ar Threoir 2007/2/CE agus ar na gníomhartha cur chun feidhme a ghabhann léi.

³⁶ Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

³⁷ Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

- (24) Ní hamháin chun comhlíonadh a sheiceáil a theastaíonn na sonraí a thuairiscíonn na Ballstáit, ach is ríthábhachtach iad freisin le go bhféadfaidh an Coimisiún faireachán agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na reachtaíochta i gcomórtas leis na cuspóirí a shaothraítear leis an reachtaíocht sin, rud a bheidh mar bhonn eolais le haon mheastóireacht a dhéanfar amach anseo ar an reachtaíocht sin i gcomhréir le mír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach³⁸. Sa chomhthéacs sin, tá gá le sonraí ábhartha a fhágfaidh go bhféadfar measúnú níos fearr a dhéanamh ar éifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, agus breisluach AE na Treorach, agus is é sin an fáth a bhfuil gá le sásraí cuí tuairiscithe a áirithiú a bheidh ina dtáscairí, freisin, le haghaidh meastóireachtaí a dhéanfar ar an Treoir seo amach anseo.
- (25) De bhun mhír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir seo laistigh de thréimhse áirithe ón dáta a shocraítear chun í a thrasuí. Ba cheart don mheastóireacht sin a bheith bunaithe ar thaithí a fuarthas, agus ar shonraí a bailíodh, le linn don Treoir seo a bheith á cur chun feidhme, maidir le sonraí ábhartha eolaíochta, anailíseacha agus eipidéimeolaíochta, agus ar aon mholtaí atá ar fáil ó EDS.
- (26) Sa Treoir seo urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Féachtar, go háirithe, leis an Treoir seo na prionsabail a chur chun cinn a bhaineann le cúram sláinte, rochtain ar sheirbhísí ar mhaithe leis an leas ginearálta eacnamaíoch, cosaint an chomhshaoil agus cosaint tomhaltóirí.

³⁸ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(27) **Is é is aidhm don Treoir seo sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint.** Mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais go mion minic, ní bheadh sé i gcomhréir leis an éifeacht cheangailteach sin atá curtha síos do Threoir sa tríú mír d'Airteagal 288 den Chonradh, is é sin an deis a eisiamh, i bprionsabal, go mbeadh daoine lena mbaineann ag brath ar oibleagáid a fhorchuirtear le Treoir. Tá feidhm ag an mbreithniú sin, go háirithe, maidir le Treoir lena bhfuil sé de chuspóir sláinte an duine a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha a ghabhann le héilliú aon uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. [...] ³⁹[...] ⁴⁰[...]

³⁹ [...]

⁴⁰ [...]

- (28) Chun an Treoir seo a chur in oiriúint do dhul chun cinn eolaíoch agus teicniúil nó chun ceanglais faireacháin a shonrú ar mhaithe leis an [...] **gcur chuige rioscabhunaithe maidir le sábháilteacht uisce**, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasú Iarscríbhinn [...] **III** [...] a ghabhann leis an Treoir seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a beidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. Ina theannta sin, an cumhachtú a leagtar síos i Nóta 10 de Chuid C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/83/CE maidir le minicíochtaí faireacháin agus modhanna faireacháin a shocrú i gcomhair substaintí radaighníomhacha, tá sé imithe i léig ó glacadh Treoir 2013/51/Euratom⁴¹ ón gComhairle agus ba cheart é a scriosadh dá bhrí sin. Níl gá a thuilleadh leis an gcumhachtú a leagtar síos sa dara fomhír de Chuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 98/83/CE agus a bhaineann le leasuithe ar an Treoir sin agus ba cheart é a scriosadh.
- (29) D'fhoneo coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún [...] chun formáid a ghlacadh ina dtabharfaidh na Ballstáit an fhaisnéis maidir le cur chun feidhme na Treorach seo agus ina dtiomsóidh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil an fhaisnéis sin, mar aon le rialacha mionsonraithe maidir leis an bhfaisnéis sin a thabhairt le fios, **mar aon le sásra liosta faire a bhunú**. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴².

⁴¹ Treoir 2013/51/Euratom ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos ceanglais maidir le sláinte an phobail a chosaint i ndáil le substaintí radaighníomhacha in uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine (IO L 296, 7.11.2013, lch. 12).

⁴² Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (30) Gan dochar do cheanglais Threoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴³, ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme i leith sáruithe ar fhorálacha na Treorach seo agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ba cheart na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
- (30a) Ionas go mbeidh tacar iomlán sonraí ar fáil do na soláthróirí uisce nuair a chromfaidh siad ar an measúnú riosca ar an soláthar a chur i bhfeidhm, ba cheart idirthréimhse nua de 3 bliana a thabhairt isteach do pharaiméadair nua. Leis sin, beidh na Ballstáit in ann sainaitheint guaiseacha agus eachtraí guaiseacha a dhéanamh le linn na chéad 3 bliana sin tar éis dháta chur i bhfeidhm na Treorach seo, agus leis sin, cuirtear sonraí ar fáil cheana do sholáthróirí uisce faoi na paraiméadair nua sin, agus seachnaítear aon fhaireachán neamhriachtanach ó na soláthróirí uisce má chinntear nach gá faireachán a dhéanamh ar pharaiméadar tríd an gcéad shainaitheint sin de ghuaiseacha agus eachtraí guaiseacha. Le linn na dtrí bliana tosaithe sin, ba cheart fós féin do sholáthraithe uisce an measúnú riosca ar an soláthar a dhéanamh (nó measúnuithe riosca a rinneadh cheana faoi chuimsiú Threoir (AE) 2015/1787) a úsáid) do na paraiméadair sin a bhí mar chuid d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/83/CE, ó tharla go mbeidh sonraí ar fáil cheana do na paraiméadair sin nuair a thiocfaidh an Treoir sin i bhfeidhm.**
- (31) Leagtar síos le Treoir 2013/51/Euratom socruithe sonracha maidir le faireachán a dhéanamh ar shubstaintí radaighníomhacha in uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Níor cheart luachanna paraiméadracha radaighníomhaíochta a leagan síos sa Treoir seo, dá bhrí sin.
- (32) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon sláinte an duine a chosaint, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

⁴³ Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (IO L 328, 6.12.2008, lch. 28).

- (33) Ba cheart an oibleagáid an Treoir seo a thrasuí sa dlí náisiúnta a theorannú do na forálacha sin ar leasú substainteach iad i gcomparáid leis na Treoracha a bhí ann roimhe seo. Is ann don oibleagáid na forálacha nach bhfuil athraithe a thrasuí mar thoradh ar na Treoracha a bhí ann roimhe seo.
- (34) Ba cheart nár dhochar an Treoir seo d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn V a thrasuí sa dlí náisiúnta,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuspóir

1. Is Treoir maidir le cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine atá sa Treoir seo.
2. Beidh sé mar chuspóir leis an Treoir seo sláinte an duine a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha a ghabhann le héilliú aon uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine trína áirithiú go mbeidh an t-uisce glan folláin.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo:

1. Ciallaíonn 'uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine':
 - a) gach cineál uisce, ina riocht bunaidh nó arna chóireáil, chun críocha óil, cócaireachta, ullmhúcháin bia [...], nó chun críocha eile tís in áitribh phoiblí agus phríobháideacha araon, beag beann ar a bhunús nó ar cé acu as gréasán dáileacháin nó as tancaer a sholáthraítear é nó, [...], i mbuidéil **nó i gcoimeádáin a chuirtear é, lena n-áirítear fíoruiscí.**
 - b) **gach cineál uisce a úsáidtear in aon ghnó bia chun táirgí nó substaintí atá ceaptha do thomhaltas an duine a mhonarú, a phróiseáil, a chaomhnú nó a mhargú, ach amháin má tá na húdaráis náisiúnta inniúla sásta nach ndéanfaidh cáilíocht an uisce difear d'fholláine an táirge bia agus é ina fhoirm chríochnaithe.**

2. Ciallaíonn 'córas dáileacháin baile' na píobáin, an feisteas agus na fearais atá suiteáilte idir na buacairí a úsáidtear de ghnáth chun uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a sholáthar in áitribh phoiblí agus phríobháideacha araon agus an gréasán dáileacháin, i gcás nach mbeidh na nithe sin de fhreagracht ar an soláthraí uisce ina cháil mar sholáthraí uisce, de réir an dlí náisiúnta iomchuí, agus sa chás sin amháin.
3. ciallaíonn 'soláthróir uisce' eintiteas a sholáthraíonn [...] uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine [...].
4. _____ [...]
5. _____ [...]
6. ciallaíonn 'ollsoláthróir uisce' soláthróir uisce a sholáthraíonn ar a laghad [...] **10000** m³ sa lá **ar an meán** nó a chuireann soláthar uisce ar fáil do 50 000 duine ar a laghad.
7. ciallaíonn 'áitreabh tosaíochta' áitreabh mór ina bhfuil a lán úsáideoirí a d'fhéadfadh a bheith neamhchosanta ar rioscaí a bhaineann le huisce, **go háirithe áitreabh mór d'úsáid phoiblí**, [...] mar a shainaithin na Ballstáit.
- [...]
8. ciallaíonn 'gnó bia' gnó bia mar a shainmhínítear é in Airteagal 3(2) de Rialachán 178/2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta maidir le cúrsaí sábháilteachta bia

9. **ciallaíonn 'oibreoir gnó bia' oibreoir gnó bia mar a shainmhínítear é in Airteagal 3(3) de Rialachán 178/2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta maidir le cúrsaí sábháilteachta bia**
10. **ciallaíonn 'guais' oibreán bitheolaíoch, ceimiceach, fisiciúil nó raideolaíoch in uisce, nó riocht an uisce, lena bhféadfaí dochar a dhéanamh don tsláinte phoiblí trí thomhaltas uisce.**
11. **ciallaíonn 'eachtra ghuaiseach' eachtra lena dtugtar isteach guaiseacha do chóras soláthair an uisce óil, nó eachtra nach n-éiríonn léi iad a bhaint as an gcóras sin.**
12. **ciallaíonn 'riosca' meascán den dóchúlacht go dtarlódh eachtra ghuaiseach agus déine na dtorthaí, dá dtarlódh an ghuais nó an eachtra ghuaiseach [...] i gcóras soláthair an uisce óil.**

Airteagal 3

Díolúintí

1. Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) uiscí mianraí nádúrtha atá aitheanta mar uiscí mianraí nádúrtha ag an údarás inniúil, dá dtagraítear i dTreoir 2009/54/CE;
 - (b) uiscí ar táirgí íocshláinte iad de réir bhrí Threoir 2001/83/CE.
2. Féadfaidh na Ballstáit na nithe seo a leanas a dhíolmhú ó fhorálacha na Treorach seo:
 - (a) uisce atá ceaptha chun na gcríoch sin ar chucu is deimhin leis na húdaráis inniúla nach bhfuil aon tionchar díreach ná indíreach ag cáilíocht an uisce sin ar shláinte na dtomhaltóirí lena mbaineann, agus chun na gcríoch sin amháin;

- (b) uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine as soláthar aonair lena soláthraítear níos lú ná 10 m^3 sa lá, ar an meán, nó lena gcuirtear soláthar uisce ar fáil do níos lú ná 50 duine, ach amháin i gcás ina soláthrófar an t-uisce mar chuid de ghníomhaíocht tráchtála nó phoiblí.
3. Na Ballstáit sin a fhéadfaidh dul i muinín na ndíolúintí dá bhforáiltear i mír 2(b), áiritheoidh siad go gcuirfean an pobal lena mbaineann ar an eolas faoin méid sin agus faoi aon bheart is féidir a dhéanamh chun sláinte an duine a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha a ghabhann le héilliú aon uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Ina theannta sin, tabharfar comhairle chuí go pras don phobal lena mbaineann i gcás inar léir go bhféadfaidh cáilíocht an uisce sin sláinte an duine a chur i mbaol.
4. **Féadfaidh na Ballstáit oibreoirí gnó bia a dhíolmhú ó fhorálacha na Treorach seo, i ndáil leis an uisce a úsáidtear chun críocha sonracha an ghnó bia, má tá na húdaráis náisiúnta inniúla sásta nach ndéanfaidh cáilíocht an uisce sin difear do shábháilteacht an táirge bia agus é ina fhoirm chríochnaithe agus ar an gcoinníoll go gcomhlíonann a soláthar uisce na hoibleagáidí ábhartha faoi chuimsiú na nósanna imeachta maidir le prionsabail na hanailíse guaise agus na bpointí rialúcháin criticiúla agus gníomhaíochtaí feabhais faoi chuimsiú reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le bia.**
5. **Maidir le soláthróirí uisce a sholáthraíonn níos lú ná 10 m^3 sa lá ar an meán nó a chuireann soláthar uisce ar fáil do níos lú ná 50 duine mar chuid de ghníomhaíocht tráchtála nó poiblí, ní bheidh siad ach faoi réir Airteagail 1, 2, 3, 4, 5, 6, 11, 12 agus 12a den Treoir seo, mar aon leis na hlarscríbhinní ábhartha.**

Airteagal 4

Oibleagáidí ginearálta

1. Gan dochar dá n-oibleagáidí faoi fhorálacha eile an Aontais, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur glan folláin a bheidh an t-uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Chun críocha cheanglais íosta na Treorach seo, is glan folláin atá an t-uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine i gcás ina gcomhlíonfaidh sé na coinníollacha uile seo a leanas :
- (a) go bhfuil sé saor ó aon mhiocrorgánaigh agus aon seadáin agus ó aon substaintí a d'fhéadfadh, de bharr a lín nó a dtiúchana, sláinte an duine a chur i mbaol;

- (b) go gcomhlíonann sé na ceanglais íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Cuid A, [...] Cuid B agus cuid D;
- (c) go bhfuil na bearta uile is gá déanta ag na Ballstáit chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 5 go hAirteagal 12 den Treoir seo a chomhlíonadh .

Ní bhaineann na ceanglais íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Cuid A, le fíoruisce i mbuidéil dá dtagraítear i dTreoir 2009/54/CE.

- 2. Áiritheoidh na Ballstáit nach dtarlóidh sé in aon chás, de bharr na mbeart a dhéanfar chun an Treoir seo a chur chun feidhme, go gceadófar, go díreach nó go hindíreach, aon mheath ar cháilíocht láithreach an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine ná aon mhéadú ar thruailliú na n-uisce a úsáidtear chun uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a tháirgeadh.

Airteagal 5

Caighdeán cháilíochta

- 1. Leagfaidh na Ballstáit síos luachanna is infheidhme maidir leis an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine maidir leis na paraiméadair a leagtar amach in Iarscríbhinn I, **Cuid A, Cuid B, Cuid C agus Cuid D**, agus beidh na luachanna sin chomh dian céanna leis na luachanna a leagtar amach san Iarscríbhinn sin .
- 2. **I ndáil leis na paraiméadair a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Cuid C, ní mór na luachanna a shocrú chun críocha faireacháin agus chun na hoibleagáidí a fhorchuirtear le hAirteagal 12 a chomhlíonadh, agus dó sin amháin.**
- 3. Socróidh Ballstát luachanna maidir le paraiméadair bhreise nach bhfuil san áireamh in Iarscríbhinn I i gcás inar gá déanamh amhlaidh chun sláinte an duine a chosaint laistigh dá chríoch náisiúnta nó cuid den chríoch sin. Déanfaidh na luachanna ceanglais Airteagal 4(1)(a), ar a laghad, a chomhlíonadh.

Airteagal 6
Pointe comhlíontachta

1. Comhlíonfar na luachanna paraiméadracha a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 5 [...]:
 - (a) i gcás uisce a sholáthraítear ó ghréasán dáileacháin, ag an bpointe laistigh d'áitreabh nó de bhunaíocht ina scaoiltear an t-uisce ó na buacairí sin a úsáidtear de ghnáth chun uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a sholáthar;
 - (b) i gcás uisce a sholáthraítear ó thancaer, ag an bpointe ina scaoiltear an t-uisce ón tancaer;
 - (c) i gcás uisce, **lena n-áirítear fíoruisce, a chuirtear i mbuidéil nó i gcoimeádáin**, ag an bpointe ina gcuirtear an t-uisce isteach sna buidéil **nó sna coimeádáin**.
 - (d) i gcás uisce a úsáidtear i ngnó bia, ag an bpointe ina n-úsáidtear an t-uisce sa ghnó sin.
2. **I gcás uisce a chumhdaítear le mír 1(a), measfar go gcomhlíonfaidh na Ballstáit a n-oibleagáidí faoi chuimsiú an Airteagail seo agus faoi chuimsiú Airteagal 4 agus Airteagal 12(2) i gcás inar féidir a bhunú nach gcomhlíontar na luachanna paraiméadracha a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 5 mar gheall ar an gcóras dáileacháin baile nó cothabháil an chórais sin ach amháin in áitreabh tosaíochta a chumhdaítear le hAirteagal 10.[...]**
3. **I gcás ina bhfuil feidhm ag mír 2 agus i gcás ina bhfuil baol ann nach gcomhlíonfadh an t-uisce a chumhdaítear le mír 1(a) na luachanna paraiméadracha a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 5, fós féin, áiritheoidh na Ballstáit an méid a leanas:**
 - (a) **go ndéanfar bearta chun deireadh a chur leis an mbaol nach gcomhlíonfar na luachanna paraiméadracha nó chun an baol a laghdú, amhail comhairle a thabhairt d'úinéirí maoine faoi aon ghníomhaíocht feabhais a d'fhéadfaidís a dhéanamh, agus**

más gá, go ndéanfar bearta eile, amhail teicnící iomchuí cóireála, chun nádúr nó airíonna an uisce a athrú sula soláthrófar é ionas go laghdófar an baol nach gcomhlíonfaidh an t-uisce na luachanna paraiméadracha tar éis é a sholáthar, nó go gcuirfear deireadh leis an mbaol sin;

agus

- (b) go gcuirfear na tomhaltóirí lena mbaineann ar an eolas go cuí agus go dtugtar comhairle dóibh faoi aon ghníomhaíocht feabhais bhreise féideartha ba cheart dóibh a dhéanamh.

Airteagal 7

Cur chuige rioscabhunaithe i leith sábháilteacht uisce

1. Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfar an t-uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a sholáthar, a chóireáil agus a dháileadh faoi réir cur chuige rioscabhunaithe **lena gcumhdaítear an slabhra soláthair iomlán ón dobharcheantar, astarraingt, cóireáil, stóráil agus dáileadh an uisce go dtí an pointe comhlíontachta a shonraítear in Airteagal 6.**

Beidh na heilimintí seo a leanas **mar chuid den chur chuige rioscabhunaithe [...]:**

- a) [...] **measúnú riosca agus bainistiú riosca a dhéanamh ar an dobharcheantar nó ar na dobharcheantair don phointe nó do na pointí [...]** astarraingthe uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine, i gcomhréir le hAirteagal 8;
- (b) [...] **measúnú riosca agus bainistiú riosca ar an gcóras soláthair lena n-áirítear astarraingt, cóireáil, stóráil agus dáileadh an uisce go dtí an pointe soláthair a dhéanann na soláthróirí uisce[...]** i gcomhréir le hAirteagal 9 [...];
- (c) **measúnú riosca do na córais dáileacháin baile [...]**, i gcomhréir le hAirteagal 10;

2. **Déanfar an chead mheasúnú riosca agus bainistiú riosca ar an dobharcheantar nó ar na dobharcheantair don phointe nó do na pointí astarraingthe** faoi [...] 6 bliana tar éis an spriocdháta maidir leis an Treoir seo a thrasuí]. Déanfar [...] é a athbhreithniú [...] **ag eatraimh rialta nach faide ná 6 bliana**, agus tabharfar cothrom le dáta é más gá.
3. Déanfaidh [...] soláthróirí uisce **an chead mheasúnú riosca agus bainistiú riosca ar an gcóras soláthair** [...] faoi [6 bliana tar éis an spriocdháta maidir leis an Treoir seo a thrasuí]. Déanfar [...] é a athbhreithniú ag eatraimh rialta nach faide ná 6 bliana, agus tabharfar cothrom le dáta é más gá.
4. Déanfar **an chéad mheasúnú riosca ar na córais** [...] dáileacháin baile faoi [...] 6 bliana tar éis an spriocdháta maidir leis an Treoir seo a thrasuí]. Déanfar iad a athbhreithniú gach [...] 6 bliana, agus tabharfar cothrom le dáta iad más gá.
5. **Leis na spriocdhátaí a shonraítear i mír 2, i mír 3 agus i mír 4, ní chuirfear cosc ar na Ballstáit a áirithiú go ndéantar na bearta a luaithe is féidir, a luaithe a aithnítear na rioscaí agus a dhéantar iad a mheas.**

Airteagal 8

Measúnú riosca agus bainistiú riosca a dhéanamh ar an dobharcheantar nó ar na dobharcheantair don phointe nó do na pointí [...] astarraingthe uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine
[...]

1. Gan dochar d'Airteagal 6 agus Airteagal 7 de Threoir 2000/60/CE, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar [...] **measúnú riosca agus bainistiú riosca ar an dobharcheantar nó ar na dobharcheantair don phointe nó do na pointí astarraingthe**[...].[...] Áireofar na heilimintí seo a leanas **ann**:

- (a) tréithriú an dobharcheantair nó na ndobharcheantar don phointe nó do na pointí astarraingthe lena n-áirítear:
- (i) sainaithint agus mapáil an dobharcheantair nó na ndobharcheantar don phointe nó do na pointí astarraingthe;
 - (ii) mapáil ar na criosanna faoi choimirce, nuair is amhlaidh a bunaíodh na criosanna sin i gcomhréir le hAirteagal 7(3) de Threoir 2000/60/CE,
 - (iii) geoshuíomhanna gach pointe astarraingthe sa dobharcheantar nó sna dobharcheantair;
 - (iv) cur síos ar phróisis úsáid na talún, leachtaithe agus athmhuipearaithe sa dobharcheantar nó sna dobharcheantair don phointe nó do na pointí astarraingthe.

Chuige sin, féadfaidh na Ballstáit faisnéis a bhailítear i gcomhréir le hAirteagal 5 agus Airteagal 7 de Threoir 2000/60/CE a úsáid;

[...]

[...]

(b) sainaithint guaiseacha agus eachtraí guaiseacha agus measúnú ar an riosca a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo do chaighdeán an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine, lena n-áirítear na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith acu lena bhféadfaí caighdeán [...] an uisce sa dobharcheantar nó sna dobharcheantair don phointe nó do na pointí astarraingthe [...] a mheath an oiread sin go bhféadfadh sé a bheith ina riosca do shláinte an duine trí thomhaltas uisce nó go bhféadfadh meath doghlactha teacht ar chaighdeán an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine mar gheall air, agus an leibhéal íonghlanta a úsáidtear [...] i dtáirgeadh uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine á chur san áireamh. Chuige sin, féadfaidh na Ballstáit leas a bhaint as an athbheithniú ar thionchar ghníomhaíocht an duine a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2000/60/CE agus as faisnéis faoi bhrúnna móra a bailíodh i gcomhréir le pointí 1.4, 1.5 agus 2.3 go 2.5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin;

(c [...]) [...] nuair a mheastar gur gá i ndáil le guaiseacha agus eachtraí guaiseacha a shainaithint, faireachán in uisce dromchla agus/nó screamhuisce sa dobharcheantar nó sna dobharcheantair don phointe nó do na pointí astarraingthe nó in amhuisce [...] ar na paraiméadair, na substaintí nó na truailleáin ábhartha a roghnaítear ó na liostaí seo a leanas:

(i) paraiméadair a liostaítear i gCuid A agus i gCuid B d'Iarscríbhinn I nó a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 5 (3) [...] den Treoir seo;

- (ii) truailleáin screamhuisce a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁴, agus truailleáin agus táscairí truailithe ar bhunaigh na Ballstáit luachanna tairseacha ina leith i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin;
- (iii) substaintí tosaíochta agus truailleáin áirithe eile a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁵;
- (iv) **truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantrach atá leagtha síos ag na Ballstáit i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE [...];**
- ([...]) v) truailleáin ábhartha eile **d'uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine**, [...] atá leagtha síos ag na Ballstáit ar bhonn na [...] faisnéise [...] a bhailítear i gcomhréir le **mír 1(b) den Airteagal seo [...]**.
- (vi) **substaintí arb ann dóibh go nádúrtha a d'fhéadfadh a bheith ina nguais do shláinte an duine trí uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine;**

⁴⁴ Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath (IO L 372, 27.12.2006, lch. 19).

⁴⁵ Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeán cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 348, 24.12.2008, lch. 84).

(vii) substaintí agus comhdhúl a áirítear sa liosta faire a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 11 (7) den Treoir seo.

Déanfaidh na Ballstáit rogha idir pointí as pointe (i) go pointe ([...]vii) maidir le faireachán a dhéanamh ar na paraiméadair, na substaintí nó na truailleáin a mheastar a bheith ábhartha i bhfianaise na nguaiseacha a sainaitnítear faoi phointe ([...] b) nó i bhfianaise na faisnéise a thug na soláthróirí uisce i gcomhréir le mír 2.

Chun críocha [...] [...] faireacháin, féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as an bhfaireachán [...] **atá ar fáil** a rinneadh i gcomhréir le **hAirteagal 7 agus Airteagal 8 de Threoir 2000/60/CE** nó reachtaíocht eile an Aontais **atá ábhartha maidir leis an dobharcheantar nó na dobharcheantair don phointe nó do na pointí astarraingthe.**

2. [...] Na soláthróirí uisce a **dhéanfaidh faireachán ar an dobharcheantar nó na dobharcheantair don phointe nó do na pointí astarraingthe** nó ar a n-amhuisce [...], beidh orthu na húdaráis inniúla a chur ar an eolas faoi threochtaí agus faoi aon tiúchana neamhghnácha de na paraiméadair, na substaintí nó na truailleáin a ndearnadh faireachán orthu.
3. **Áiritheoidh** na Ballstáit **go mbeidh rochtain ag na soláthróirí uisce agus na húdaráis inniúla ar pé faisnéis dá bhfuil ar fáil a shonraítear i mír 1 agus i mír 2 agus go mbeidh rochtain ag [...]** soláthróirí uisce [...] **ábhartha ar na [...]** torthaí faireacháin **a fhaightear [...]** faoi chuimsiú mhír 1([...] c). [...]

[...]

[...] **Ar bhonn na faisnéise sin, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do sholáthraithe uisce minicíocht an faireacháin a ísliú i gcás paraiméadair áirithe, nó paraiméadar a bhaint de liosta na bparaiméadar a bhfuil ar an soláthróir uisce faireachán a dhéanamh orthu i gcomhréir le forálacha Airteagal 11 (2) (a), gan a chur de cheangal orthu [...]** measúnú riosca a dhéanamh **ar an gcóras soláthair**, ar choinníoll:

- (i) nach croípharaiméadair iad de réir bhrí Iarscríbhinn II, Chuid B, pointe 1, agus [...]

- (ii) nach ann d'aon toisc ar féidir a bheith ag súil leis le réasún gur dóigh go mbainfidh sí ó cháilíocht an uisce.

[...]

[...] 4. Ar bhonn **thoradh an mheasúnaithe riosca a dhéantar i gcomhréir le mír 1, [...]** áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar bearta [...] **bainistithe chun na rioscaí sainaitheanta a chosc nó a rialú, amhail: [...]:**

- (a) **bearta coisctheacha nó maolaitheacha a shainiú agus a chur chun feidhme sa dobharcheantar/sna dobharcheantair don phointe nó do na pointí astarraingthe anuas ar na cinn a tuaradh nó a glacadh i gcomhréir le [...] hAirteagal 11(3)(d) de Threoir 2000/60/CE, i gcás ina gceanglaítear sin le cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a áirithiú. I gcás inarb iomchuí, cuirfear na bearta sin san áireamh sna cláir beart dá dtagraítear in Airteagal 11(3) de Threoir 2000/60/CE;**

- (b) **faireachán iomchuí ar pharaiméadair, substaintí nó truailleáin in uisce dromchla agus/nó screamhuisce a áirithiú sa dobharcheantar/sna dobharcheantair don phointe nó do na pointí astarraingthe nó san amhuisce a d'fhéadfadh a bheith ina riosca do shláinte an duine trí thomhaltas uisce nó a bhféadfadh meath doghlactha ar cháilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine teacht as agus nár cuireadh san áireamh san fhaireachán a rinneadh i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 de Threoir 2000/60/CE. I gcás inarb iomchuí, cuirfear an faireachán sin san áireamh sna cláir faireacháin dá dtagraítear in Airteagail 7 agus 8 de Threoir 2000/60/CE. [...].**
- (c) [...] **meastóireacht ar an ngá criosanna faoi choimirce a bhunú nó a oiriúnú do screamhuisce nó uisce dromchla, de réir Airteagal 7(3) de Threoir 2000/60/CE, chomh maith le haon chrios ábhartha eile.**

[...]

Airteagal 9

Measúnú riosca agus bainistiú riosca don chóras soláthair [...]

1. **Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an soláthróir uisce measúnú riosca agus bainistiú riosca don chóras soláthair [...].**

2. **Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an méid a leanas sa mheasúnú riosca agus leis an mbainistiú riosca don chóras soláthair:**
- (a) **go gcuirfear san áireamh torthaí an mheasúnuithe riosca agus an bhainistithe riosca arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8 den Treoir seo;**
 - (b) **go mbeidh cur síos ar an gcóras soláthair i gceist leo ón bpointe astarraingthe, agus maidir le cóireáil, stóráil agus dáileadh an uisce go dtí pointe soláthair an uisce, aithint na nguaiseacha agus eachtraí guaiseacha sa chóras soláthair agus measúnú ar na rioscaí a ghabhann leo do cháilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine;**
 - (c) **go ndéanfar bearta rialála a shainiú agus a chur chun feidhme chun na rioscaí sin a shainaithnítear i gcóras an tslabhra soláthair, a d'fhéadfadh cur as do cháilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine, a chosc agus a mhaolú;**
 - (d) **go saineofar bearta rialála sa chóras soláthair agus go gcuirfear chun feidhme iad sa bhreis ar na bearta a rinneadh nó a tuaradh faoi Airteagal 8(4) den Treoir seo agus faoi Airteagal 11(3) de Threoir 2000/60/CE chun rioscaí sa dobharcheantar/sna dobharcheantair don phointe nó do na pointí astarraingthe a d'fhéadfadh cur as do cháilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a mhaolú;**
 - (e) **go mbeidh clár rialaithe oibriúcháin atá dírithe ar sholáthar i gceist leis de réir Airteagal 11;**

- (f) go n-áiritheofar, i gcás ina mbíonn dífhabhtú mar chuid d'ullmhú agus de dháileadh an uisce do thomhaltas an duine, go ndéanfar bailíochtú ar éifeachtúlacht na cóireála dífhabhtaithe a rinneadh agus go gcoinneofar aon éilliú de bharr sheachtháirgí an dífhabhtaithe a ísle is féidir, gan cur as don dífhabhtú agus go gcoinneofar aon éilliú de bharr ceimiceáin chóireála a ísle is féidir agus nach gcuirfidh aon substaint a bheidh fágtha san uisce baint amach na n-oibleagáidí ginearálta a leagtar síos in Airteagal 4 i mbaol;
- (g) go mbeidh fíorú san áireamh leis más ea go bhfuil na hábhair, na ceimiceáin chóireála agus na meáin scagaire a raibh teagmháil acu le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine agus iad in úsáid sa slabhra soláthair, go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais mar a shonraítear iad in Airteagail 10a agus 10b.

3. [...]Ar bhonn torthaí an mheasúnuithe riosca ar an gcóras soláthair, déanfaidh na Ballstáit an méid a leanas:

- a) fágfaidh siad gur féidir [...] paraiméadar a bhaint ó liosta na bparaiméadar a ndéanfar faireachán orthu nó minicíocht an fhaireacháin a choigeartú sna cásanna seo a leanas:
 - i. ar bhonn paraiméadar a bheith in amhuisce, i gcomhréir leis an measúnú ar riosca don dobharcheantar/do na dobharcheantair don phointe nó do na pointí astarraingthe mar a leagtar amach iad in Airteagal 8(3);
 - ii. i gcás nach bhféadfadh paraiméadar a bheith ann ach amháin mar thoradh ar theicníc cóireála nó modh dífhabhtaithe áirithe a bheith in úsáid, agus nach bhfuil an teicníc nó modh sin in úsáid ag an soláthróir uisce; nó
 - iii. ar bhonn na sonraíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II, cuid C.

- b) áiritheoidh siad go gcuirfear le liosta na bparaiméadar a ndéanfar faireachán orthu san uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine i gcomhréir le hAirteagal 11 nó le minicíocht an fhaireacháin ar bhonn na sonraíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II, cuid C.

Bainfidh an measúnú riosca ar an soláthar le [...] paraiméadair a liostaítear in Iarscríbhinn I, cuid A[...] B agus C nach croípharaiméadair iad de réir chuid B d'Iarscríbhinn II, paraiméadair a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 5(3), substaintí nó comhdhúl atá san áireamh leis an liosta faire mar a bhunaítear é i gcomhréir le hAirteagal 11(7)[...].

[...]

[...]

4. [...] Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh soláthróirí uisce an measúnú ar riosca don chóras soláthair i gcomhréir le mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo.
5. Féadfaidh na Ballstáit soláthróirí uisce a sholáthraíonn idir 10 m³ agus 100 m³ in aghaidh an lae ar an meán nó a dhéanann freastal ar idir 50 agus 500 duine a dhíolmhú ón measúnú agus bainistiú riosca ar an soláthar a dhéanamh. I gcás na díolúine sin, déanfaidh na soláthróirí uisce sin faireachán rialta i gcomhréir le hAirteagal 11.

Measúnú riosca do na Córais Dáileacháin Baile [...]

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar **measúnú riosca ar na córais** dáileacháin baile [...] agus beidh na heilimintí seo a leanas sa mheasúnú sin:
 - (a) [...] **anailís ghinearálta** [...] ar na rioscaí a bhaineann le[...] córais dáileacháin baile, agus le[...] táirgí gaolmhara agus na hábhair ghaolmhara, agus ar cibé acu a dhéanann nó nach ndéanann siad difear do cháilíocht an uisce ag an bpointe ina dtagann sé as na buacairí a úsáidtear de ghnáth do thomhaltas an duine[...] i gcás ina gcuirfear soláthar uisce ar fáil don phobal in áitribh thosaíochta;
 - (b) faireachán [...] **faireachais** ar na paraiméadair a liostaítear i gCuid **D** [...], d'Iarscríbhinn I in áitribh **thosaíochta** ina meastar go bhfuil an baol is mó ann do shláinte an duine. Déanfar paraiméadair agus áitribh **thosaíochta** ábhartha a roghnú ar bhonn [...] na **hanailíse ginearálta** a rinneadh faoi phointe (a).

Maidir leis an bhfaireachán [...] **faireachais** dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit straitéis faireacháin a bhunú a dhíreoidh ar na háitribh thosaíochta;

Chun críocha na míre seo, féadfaidh na Ballstáit áitribh eile a bhféadfadh riosca do shláinte an duine a bheith ag gabháil lena gcórais dáileacháin baile a áireamh sa mheasúnú riosca.

[...]

2. I gcás ina **mbainfidh** na Ballstáit **de thátal [...]**, ar bhonn [...] **na hanailíse** a rinneadh faoi mhír 1(a), go bhfuil baol ann do shláinte an duine a thagann as [...] córais dáileacháin baile nó as [...] táirgí gaolmhara agus ábhair ghaolmhara, nó i gcás inar léir san fhaireachán a rinneadh i gcomhréir le mír 1(b) nár comhlíonadh na luachanna paraiméadracha a leagtar amach i gCuid [...] **D** d'Iarscríbhinn I, déanfaidh [...] siad **na bearta seo a leanas a mheas**:
- (a) na bearta iomchuí chun deireadh a chur leis an mbaol nach gcomhlíonfar na luachanna paraiméadracha a leagtar amach i gCuid [...] **D** d'Iarscríbhinn I, nó chun an baol sin a laghdú;
 - (b) na bearta uile is gá lena áirithiú nach gcuirfear sláinte an duine i mbaol, go díreach nó go hindíreach, de dheasca ascnamh substaintí nó ceimiceán as táirgí foirgníochta a úsáidtear chun uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a ullmhú nó a dháileadh;
 - (c) [...]
 - (d) tomhaltóirí a chur ar an eolas go cuí agus comhairle chuí a chur orthu faoi dhálaí tomhaltais agus úsáide an uisce agus faoi aon bheart a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an baol a sheachaint go dtarlódh sé arís;
 - (e) [...] **eagrú na** hoiliúna do phluiméirí agus do ghairmithe eile a mbíonn baint acu leis na córais dáileacháin baile agus suiteáil táirgí foirgníochta **a chur chun cinn**;
 - (f) i gcás *Legionella*, a áirithiú go bhfuil bearta éifeachtacha rialaithe agus bainistithe i bhfeidhm chun ráigeanna den ghalar a d'fhéadfadh tarlú a sheachaint agus dul i ngleic leo;
 - (g) i gcás luaidhe, bearta féideartha a bhunú a luaithe is féidir chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a sainaithníodh do thomhaltóirí, amhail bearta ardaithe feasachta agus, más indéanta go heacnamaíoch agus go teicniúil, bearta chun [...] rudaí eile a úsáid in áit comhchodanna déanta as luaidhe sna córais reatha dáileacháin baile.

Airteagal 10a

Ceanglais íosta d'ábhair a mbíonn teagmháil acu le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine

1. Chun críocha Airteagal 4, maidir le hábhair atá ceaptha le húsáid i suiteálacha nua nó, i gcás [...] oibreacha deisiúcháin nó atógála, i suiteálacha atá ann cheana chun uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a astarraingt, a chóireáil nó a dháileadh agus a mbíonn teagmháil acu leis an uisce sin, áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh na hábhair sin an méid a leanas:
 - (a) cur isteach go díreach nó go hindíreach ar chosaint shláinte an duine dá bhforáiltear leis an Treoir seo;
 - (b) dul chun dochair do dhath, do bholadh nó do bhlas an uisce;
 - (c) cur le fás miocróbach;
 - (d) ábhair shalaithe a láisteadh isteach san uisce ar leibhéil is airde ná is gá i bhfianaise an chuspóra a bheartaítear leo.
2. Chun críocha chur chun feidhme aonfhoirmeach mhír 1 a áirithiú, déanfar na híoscheanglais shonracha shláintíocha d'ábhair a bhunú trí ghníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos an méid a leanas:
 - (a) cómhodheolaíochtaí i ndáil le substaintí tosaithe agus comhdhéanamh a thástáil agus glacadh leo a bheidh le háireamh leis na liostaí dearfacha Eorpacha, lena n-áirítear substaint nó ábhar a bhaineann le teorainneacha sonracha ascnaimh agus réamhchoinníollacha eolaíocha [...]
 - (b) liostaí dearfacha Eorpacha de na substaintí tosaithe nó comhdhéanaimh do gach grúpa ábhar (orgánach, stroighniúil, miotalach, cruain agus criaga nó ábhar neamhorgánacha eile) a údaraítear le húsáid chun ábhair a mhonarú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, coinníollacha lena n-úsáid agus do theorainneacha ascnaimh, arna gcinneadh ar bhonn na gcómhodheolaíochtaí arna nglacadh de bhun fhomhír (a).

(c) nósanna imeachta agus modhanna chun ábhair dheiridh a thástáil agus glacadh leo [...] , ar ábhair iad atá déanta as ábhair nó meascáin substaintí tosaithe ar na liostaí dearfacha Eorpacha, lena n-áirítear:

- i) substaint ábhartha agus paraiméadair eile a shainaithint (amhail moirtiúlacht, blas, boladh, dath, iomlán an charbóin orgánaigh, sceitheadh substaintí neamh-amhrasacha agus méadú ar fhás miocróbach) atá le tástáil in uisce ascnaimh;
- ii) modhanna tástála maidir leis na héifeachtaí ar cháilíocht an uisce, ag féachaint d'aon chaighdeán iomchuí EN;
- iii) critéir pas/teip i dtorthaí na tástála lena gcuirtear san áireamh, *inter alia*, fachtóirí tiontaithe d'ascnamh na substaintí go dtí na leibhéil a mheastar a bheith ag an sconn, coinníollacha chur i bhfeidhm nó úsáide, más iomchuí.

3. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 20 ar bhonn na bprionsabal a leagtar amach in Iarscríbhinn VII. Is de réir an amchláir a leanas a ghlacfar iad agus beidh forálacha idirthréimhseacha san áireamh leo [...]:

- a) Do na cómhodheolaíochtaí agus nósanna imeachta agus modhanna dá dtagraítear i mír 2(a) agus (c), tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo;
- (b) Is ar bhonn na modheolaíochtaí dá dtagraítear i mír 2(a) a ghlacfar na liostaí dearfacha Eorpacha dá dtagraítear i mír 2(b) tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo.

4. Beidh an chéad liosta dearfach Eorpach de shubstaintí bunaithe, i measc nithe eile, ar liostaí dearfacha náisiúnta atá ann cheana de shubstaintí tosaithe agus ar na measúnuithe ar rioscaí as a dtáinig bunú na liostaí náisiúnta sin. Chun na críche sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le haon liosta dearfach náisiúnta atá ann agus aon doiciméad nó doiciméid um measúnú atá ar fáil. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar liostaí dearfacha Eorpacha na substaintí tosaithe i gcomhréir leis na forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha is déanaí.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 20, lena leagfar síos nós imeachta d'iarratais ó oibreoirí eacnamaíocha, nó údaráis ábhartha chun substaintí tosaithe agus comhdhéanaimh a chur san áireamh le liostaí dearfacha Eorpacha nó a bhaint uathu. Cuirfidh na Ballstáit na hiarratais sin faoi bhráid an Choimisiúin. Áiríteoidh an nós imeachta go mbeidh measúnú ar riosca i gceangal leis na hiarratais agus go dtabharfaidh oibreoirí an fhaisnéis is gá don mheasúnú ar rioscaí chuig na húdaráis i bhformáid ar leith.
6. Measfaidh na Ballstáit maidir le hábhair [...] dheiridh, arna bhformheas i gcomhréir le ceanglais ar leith a leagtar síos i mír 2 agus 9, go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach i mír 1.
Ní chuirfidh sin cosc ar Bhallstáit bearta cosanta is déine ná sin a ghlacadh maidir le húsáid ábhar i gcúinsí sonracha nó a bhfuil údar cuí leo, i gcomhréir le hAirteagal 193 CFAE. Tabharfar fógra don Choimisiún maidir le bearta den sórt sin.
7. [...] Go dtí go nglacfar na rialacha [...] dá dtagraítear i mír 2, beidh sé de chead ag na Ballstáit bearta náisiúnta a choinneáil nó a ghlacadh maidir le híoscheanglais shonracha shláinteacha do shubstaintí tosaithe nó d'ábhair dá dtagraítear i mír 1, ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad rialacha an Chonartha.
8. Táirgí a mbíonn teagmháil acu le huisce óil de bhun Airteagal 3 agus Iarscríbhinn I (3(e)) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais, a bhaineann le táirgí, chomh maith le táirgí neamh-chomhchuibhithe, tabharfaidh siad urraim do cheanglais na Treorach seo. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar eagraíocht Eorpach um chaighdeánú amháin nó ar go leor acu caighdeán Eorpach a dhréachtú do thástáil aonfhoirmeach comhlíonta an táirge deiridh d'fhonn comhlíontacht an Airteagail seo a éascú, i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.

9. Sa mhéid nach ndéantar rialacha maidir le táirgí ina bhfuil na hábhair dá dtagraítear i mír 1 a chomhchuihbhiú go huile is go hiomlán le reachtaíocht an Aontais, féadfaidh Ballstáit bearta náisiúnta maidir leis na táirgí sin a chur i bhfeidhm, d'fhonn ceanglais Airteagal 4 agus Airteagal 10a a shásamh.
10. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear sonraíochtaí comhchuibhithe do mharcáil feiceálach inléite shoiléir agus dhoscrista do tháirgí a mbíonn teagmháil acu le huisce óil lena bhféadfaí comhréireacht leis an Airteagal seo a léiriú.
11. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná [...] 9 mbliana tar éis dháta trasuí na Treorach seo, bunaithe ach go háirithe ar thaithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1935/2004 agus Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, athbhreithniú ar fheidhmiú an chórais mar a leagtar amach san Airteagal seo é agus cuirfidh sé tuairisc faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina measfar an méid a leanas:
- (a) an ndéantar cosaint shláinte an duine a áirithiú a dhóthain ar fud an Aontais;
 - (b) an ndéantar dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh d'ábhair a mbíonn teagmháil acu le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a áirithiú;
 - (c) an bhfuil gá le haon togra reachtach breise ar an ábhar seo.
12. Maidir le cur chun feidhme náisiúnta cheanglais an Airteagail seo, beidh feidhm dá réir ag Airteagal 4(2).
13. Chun críocha an Airteagail seo:
- ciallaíonn 'substaint tosaithe' substaint a cuireadh isteach d'aon ghnó chun ábhair orgánacha nó meascáin i gcás ábhair stroighniúla a tháirgeadh;
- ciallaíonn 'comhdhéanamh' an comhdhéanamh ceimiceach atá ag miotal, cruán, ceirmeach nó aon ábhar neamhorgánach eile.

Airteagal 10b [...]

Íoscheanglais do cheimiceáin chóireála agus meáin scagaire a mbíonn teagmháil acu le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine

1. Chun críocha Airteagal 4, maidir le ceimiceáin chóireála agus meáin scagaire a mbíonn teagmháil acu le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine, áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh siad an méid a leanas:
 - a) cur isteach go díreach nó go hindíreach ar chosaint shláinte an duine dá bhforáiltear leis an Treoir seo;
 - b) dul chun dochair do dhath, do bholadh nó do bhlas an uisce;
 - c) cur le fás miocróbach de sheans;
 - d) uisce a éilliú ar leibhéil is airde ná is gá i bhfianaise an chuspóra a bheartaítear leo.
2. Maidir le cur chun feidhme náisiúnta cheanglais an Airteagail seo, beidh feidhm dá réir ag Airteagal 4(2).
3. De bhun mhír 1, agus gan dochar do Rialachán 528/2012 agus do chaighdeáin ábhartha EN atá ann cheana do cheimiceáin chóireála sonracha nó do mheáin scagaire, áiritheoidh na Ballstáit go bhfíorófar agus go ráthófar saintréithe agus íonacht na gceimiceán cóireála agus na meán scagaire.

1. Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú go ndéanfar faireachán rialta ar cháilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine **i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hIarscríbhinn II cuid A agus B** chun a sheiceáil cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-uisce atá ar fáil do thomhaltóirí ceanglais na Treorach seo agus, go háirithe, na luachanna paraiméadracha a socraíodh i gcomhréir le hAirteagal 5. Déanfar samplaí a thógáil atá ionadaíoch ar cháilíocht an uisce a thomhlaítear le linn na bliana.

[...]

2. Chun na hoibleagáidí a fhorchuirtear i mír 1 a chomhlíonadh, cuirfear cláir faireacháin iomchuí ar bun i gcomhréir le Cuid A d'Iarscríbhinn II maidir leis an uisce ar fad atá ceaptha do thomhaltas an duine. Beidh na cláir faireacháin sin **díríthe go sonrach ar sholáthar agus toradh an mheasúnaithe riosca do dhobharcheantar/ do bharcheantair an phointe/na bpointí astarraingthe agus don chóras soláthair á gcur san áireamh leo, agus beidh na gnéithe seo i leanas i gceist leo:**
 - (a) faireachán ar na paraiméadair a liostaítear i gCuid A, [...] B[...] **agus C**, d'Iarscríbhinn I agus ar na paraiméadair a socraíodh i gcomhréir le hAirteagal 5([...]3), i gcomhréir le hIarscríbhinn II, agus, i gcás ina ndéanfar measúnú riosca [...] **ar an gcóras soláthair**, i gcomhréir le hAirteagal 9 **agus Iarscríbhinn II, cuid C, mura gcinntídh Ballstát gur féidir ceann de na paraiméadair sin a bhaint ó liosta na bparaiméadar a bhfuil faireachán le déanamh orthu, i gcomhréir le hAirteagal 8(3);**
 - (b) faireachán **faireachais** ar na paraiméadair a liostaítear i gCuid [...] **D** d'Iarscríbhinn I chun críocha **an mheasúnaithe riosca ar na córais** [...] dáileacháin baile dá bhforáiltear in Airteagal 10(1)(b);

- (c) faireachán ar na substaintí agus comhdhúl a áirítear sa liosta faire a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 11 (7) den Treoir seo maidir leis an bhféidearthacht go bhfuil siad i láthair in amhuisce, dá bhforáiltear faoi Airteagal 8(1) (c);
- (d) faireachán chun críocha [...] ghuaiseacha agus eachtraí guaiseacha a shainaithint, dá bhforáiltear in Airteagal 8(1)(c [...]);
- (e) [...] rialú oibriúcháin arna ndéanamh i gcomhréir le hIarscríbhinn II, cuid A, pointe 3.

3. Is iad na húdaráis inniúla a chinnfidh na pointí samplála agus comhlíonfaidh na pointí samplála sin na ceanglais iomchuí a leagtar amach i gCuid D d'Iarscríbhinn II.
4. Comhlíonfaidh na Ballstáit na sonraíochtaí maidir le hanailísiú na bparaiméadar a leagtar amach in Iarscríbhinn III, i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:
 - (a) féadfar modhanna anailíse seachas na modhanna sin a shonraítear i gCuid A d'Iarscríbhinn III a úsáid ar choinníoll gur féidir a thaispeáint go bhfuil na torthaí a gheofar chomh hiontaofa, ar a laghad, leis na torthaí sin a gheofaí trí na modhanna a shonraítear tríd an bhfaisnéis iomchuí ar fad faoi na modhanna sin, agus faoina gcoibhéis, a thabhairt don Choimisiún;
 - (b) i gcás na bparaiméadar sin a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn III, is cuma cén modh anailíse a úsáidtear ar choinníoll go gcomhlíonfaidh sé na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.
5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faireachán breise, cás ar chás, ar shubstaintí agus miocrorgánaigh nár socraíodh aon luach paraiméadrach maidir leo i gcomhréir le hAirteagal 5, más rud é go bhfuil cúis amhrais ann go bhféadfaidh an méid nó an líon díobh atá ann sláinte an duine a chur i mbaol.

6. **Trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, ceapfaidh an Coimisiún treoirlínte teicniúla maidir leis na modhanna anailíse, lena n-áirítear tairseacha braite agus luacha paraiméadair agus minicíocht na samplála don fhaireachán ar na substaintí atá san áireamh le hIarscríbhinn III, Cuid B, pointe 3.**
7. **Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun liosta faire a bhunú agus a nuashonrú de shubstaintí nó comhdhúil atá ag teacht chun cinn mar ábhair inní don tsláinte tríd an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 20.**

Léireofar sa liosta faire modhanna féideartha anailíse nach bhfuil costais iomarcacha ag baint leo do gach substaint nó comhdhúil. Déanfar na substaintí nó na comhdhúile atá le háireamh leis an liosta faire a roghnú ó na cinn a léirítear fúthu san fhaisnéis atá ar fáil go bhfuil riosca suntasach ag baint leo do shláinte an duine trí uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine.

Beidh Béite éastraidé-ól (50-28-2), Bisfeanól-A agus Naoinilfeanól san áireamh ar an liosta faire ós rud é go bhfuil airíonna iontu ar suaiteoirí inchríneacha iad agus go bhfuil riosca do shláinte an duine ag gabháil leo.

Cuirfidh na Ballstáit ceanglais faireacháin i bhfeidhm maidir leis an bhféidearthacht go bhfuil substaint nó comhdhúil atá ar an liosta faire i láthair sa dobharcheantar/sna dobharcheantair do na pointí astarraigte uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine dá dtagraítear in Airteagal 8 (1) (c) den Treoir seo. Chun na gcríoch sin, féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as na sonraí faireacháin sin arna mbailiú i gcomhréir le hAirteagal (8b) de Threoir 2013/39/AE, Treoir 2008/105/CE, Treoir 2000/60/CE, nó aon reachtaíocht eile de chuid an Aontais d'fhonn trasnaíl na gceanglas faireacháin a sheachaint. Ba cheart torthaí na hanailíse a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 12
Gníomhaíocht feabhais agus srianta úsáide

1. I gcás aon mhainneachtana na luachanna paraiméadracha a socraíodh i gcomhréir le hAirteagal 5 a chomhlíonadh, áiritheoidh na Ballstáit, go ndéanfar imscrúdú láithreach d'fhonn an chúis leis an mainneachtain a shainaithint.
2. Más rud é, beag beann ar na bearta a rinneadh chun na hoibleagáidí a fhorchuirtear in Airteagal 4(1) a chomhlíonadh, nach gcomhlíonann uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine na luachanna paraiméadracha a socraíodh i gcomhréir le hAirteagal 5, **agus faoi réir Airteagal 6(2)**, áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann go ndéanfar an ghníomhaíocht feabhais is gá a luaithe is féidir chun cáilíocht an uisce sin a athbhunú agus tabharfaidh sé tosaíocht don ghníomhaíocht sin a fhorfheidhmiú, ag féachaint, *inter alia*, dá mhéad a sáraíodh an luach paraiméadrach ábhartha agus don bhaol a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte an duine [...] **mar gheall air sin**.

I gcás nach gcomhlíonfar na luachanna paraiméadracha a leagtar amach i gCuid [...] **D** d'Iarscríbhinn I, beidh na bearta **ábhartha** [...] **mar** a leagtar amach i bpointe (a) go pointe ([...] **g**) d'Airteagal 10(2) **iad** ina gcuid den ghníomhaíocht feabhais.
3. Beag beann ar cé acu a bhí nó nach raibh aon mhainneachtain ann na luachanna paraiméadracha a chomhlíonadh, áiritheoidh na Ballstáit go dtóiriscfear aon soláthar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a d'fhéadfadh sláinte an duine a chur i mbaol nó áiritheoidh siad go gcuirfear srian ar úsáid an uisce sin agus go ndéanfar aon ghníomhaíocht feabhais eile is gá chun sláinte an duine a chosaint.

[...]
4. **I gcás [...] ina measfar go bhfuil** na cásanna a bhfuil tuairisc orthu i mír 2 agus mír 3 **ábhartha do shláinte an duine**, déanfaidh na Ballstáit, a luaithe is féidir, na bearta uile seo a leanas:
 - (a) fógra a thabhairt do na tomhaltóirí uile a ndearnadh difear dóibh maidir leis an mbaol atá ann do shláinte an duine agus an chúis leis an mbaol sin, an sárú ar luach paraiméadrach agus na gníomhaíochtaí feabhais a rinneadh, lena n-áirítear toirmeasc, srian nó gníomhaíocht eile;

- (b) an chomhairle chuí a chur ar thomhaltóirí, agus iad a choinneáil ar an eolas, faoi dhálaí tomhaltais agus úsáid an uisce, agus aird ar leith a thabhairt ar ghrúpaí [...] **sa daonra a bhfuil rioscaí ardaithe a bhaineann le huisce ann dóibh;**
- (c) na tomhaltóirí a chur ar an eolas a luaithe a shuífear nach bhfuil baol ann a thuilleadh do shláinte an duine agus iad a chur ar an eolas nuair a bheidh an tseirbhís ar ais mar is gnách arís.
5. Cinnfidh na húdaráis inniúla nó comhlachtaí iomchuí eile an ghníomhaíocht a dhéanfar faoi mhír 3, agus aird á tabhairt acu ar na rioscaí do shláinte an duine a thiocfadh as cur isteach ar an soláthar nó as srian a chur ar úsáid uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine.
6. **I gcás nach gcomhlíonfar na luacha paraiméadracha nó na sonraíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Cuid C, measfaidh na Ballstáit an bhfuil aon bhaol do shláinte an duine ag eascairt as an neamhchomhlíonadh sin. Gníomhóidh siad chun feabhais chun cáilíocht an uisce a thabhairt ar ais áit ar gá sin d'fhonn sláinte an duine a chosaint.**
7. **I gcás ina mbraitheann na Ballstáit gur rud fánach é neamhchomhlíonadh an luacha pharaiméadraigh, ní gá dóibh na bearta a leagtar amach i mír 4 a dhéanamh.**

Airteagal 12a [...]

Maoluithe

1. **I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh do mhaoluithe ó na luacha paraiméadracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Cuid B, nó a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 5(3), suas le luach uasta a bheidh le cinneadh acu féin, ar an gcoinníoll nach mbeidh aon bhaol do shláinte an duine i gceist leis an maolú sin; agus ar an gcoinníoll nach féidir soláthar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine sa cheantar lena mbaineann a choinneáil ar bun ar aon bhealach réasúnta eile.**

Beidh an maolú teoranta don tréimhse ama is giorra is féidir, nach sáróidh trí bliana, agus déanfar athbhreithniú i dtreo dheireadh na tréimhse sin chun a chinneadh an ndearnadh dul chun cinn leordhóthanach.

I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh na Ballstáit an dara maolú a thabhairt ar feadh tréimhse nach faide ná trí bliana.

2. Sonrófar in aon mhaolú a dheonaítear i gcomhréir le mír [...] 1 an fhaisnéis seo a leanas:

- (a) na forais leis an maolú;**
- (b) an paraiméadar lena mbaineann, torthaí ábhartha ón bhfaireachán roimh ré, agus an luach uasta is incheadaithe dá bhforáiltear faoin díolúine;**
- (c) an limistéar geografach, méid an uisce a dháiltear gach lá, an daonra lena mbaineann agus an ndéanfaí difear d'aon ghnó ábhartha bia nó nach ndéanfaí;**
- (d) clár faireacháin iomchuí lena bhforáiltear, i gcás inar gá, d'fhairachán níos minice;**
- (e) achoimre ar an bplean le haghaidh na mbeart ceartaitheach is gá, lena n-áirítear clár oibre, meastachán ar an gcostas agus forálacha maidir le hathbhreithniú a dhéanamh;**
- (f) an ré a éilítear don mhaolú.**

3. Má mheasann na húdaráis inniúla nach bhfuil neamhchomhlíonadh an luacha pharaiméadraig tromchúiseach agus má tá an ghníomhaíocht a rinneadh i gcomhréir le Airteagal 12 leordhóthanach chun an fhadhb a réiteach laistigh de 30 lá, ní gá ceanglais mhír 2 a chur i bhfeidhm.

Sa chás sin, ní chinnfidh na húdaráis inniúla ná comhlachtaí ábhartha eile lena mbaineann ach an luach ceadaithe uasta don pharaiméadar lena mbaineann agus an t-am a cheadaítear chun an fhadhb a réiteach.

4. Ní féidir dul ar iontaoibh mhír 3 a thuilleadh más amhlaidh nár comhlíonadh aon cheann de na luachanna paraiméadracha do sholáthar uisce ar leith ar feadh tréimhse is faide ná 30 lá ina iomláine i gcaitheamh an 12 mhí roimhe sin.
 5. Déanfaidh aon Bhallstát a bhain leas as na maoluithe dá bhforáiltear san Airteagal seo a áirithiú go gcuirfear eolas maidir leis an maolú agus na coinníollacha lena mbaineann chuig an bpobal dá mbaineann an maolú sin go pras agus go hiomchuí. Sa bhreis air sin, áiritheoidh an Ballstát, i gcás inar gá, go gcuirfear comhairle ar ghrúpaí ar leith sa daonra a bhféadfadh an maolú a bheith ina riosca ar leith dóibh.
- Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí sin maidir leis na cúinsí a bhfuil tuairisc orthu i mír 3 ach amháin má chinneann na húdaráis inniúla a mhalairt.
6. Seachas nuair a bhíonn feidhm ag mír 3, cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas laistigh de thréimhse dhá mhí maidir le haon mhaolú a bhaineann le soláthar aonair uisce ar mó a sholáthar ná 1000 m³ in aghaidh an lae mar mheán nó mar sheirbhís a fhreastalaíonn ar níos mó ná 5000 duine, lena n-áirítear an fhaisnéis a shonraítear i mír 2.
 7. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine agus [...] a chuirtear ar fáil i mbuidéil ná i gcoimeádáin.

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun rochtain ar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a fheabhsú nó a chaomhnú do chách, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha agus do ghrúpaí ar an imeall, mar a shaineoidh na Ballstáit iad, agus chun úsáid uisce as an mbuacaire atá ceaptha do thomhaltas an duine a chur chun cinn trí na bearta is iomchuí a roghnú agus cúinsí áitiúla, geografacha agus cultúrtha á gcur san áireamh.

[...]

[...] **Chun na gcríoch sin, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar [...]** daoine nach bhfuil rochtain acu ar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine, agus na cúiseanna leis an easpa rochtana sin (e.g. baill de ghrúpa leochaileach agus imeallaithe), **a shainaithint,** na deiseanna atá ann feabhas a chur ar an rochtain do na daoine sin a mheas agus iad a chur ar an eolas faoi na deiseanna atá ann nascadh leis an gcóras dáileacháin nó faoi mhodhanna malartacha maidir le rochtain a fháil ar an uisce sin;

[...]

[...]

I measc na mbeart chun uisce as an mbuacaire atá ceaptha do thomhaltas an duine a chur chun cinn, d'fhéadfaí an méid a leanas a áireamh:

- (i) feachtais a sheoladh chun na saoránaigh a chur ar an eolas faoi cháilíocht an uisce sin;
- (ii) soláthar an uisce sin a chur chun cinn i bhfoirgnimh riaracháin agus phoiblí;

- (iii) soláthar saor in aisce an uisce sin a chur chun cinn i mbialanna, i gceaintíní, agus i seirbhísí lónadóireachta.

[...]

Airteagal 14

Faisnéis don phobal

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faisnéis leordhóthanach agus cothrom le dáta maidir le **cáilíocht an uisce** atá ceaptha do thomhaltas an duine a chur ar fáil ar líne **nó ar bhealaí eile** do gach duine a gcuirtear an soláthar uisce sin ar fáil dóibh, i gcomhréir le hIarscríbhinn IV.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar, ar bhonn rialta agus uair sa bhliain ar a laghad, agus san fhoirm is oiriúnaí (ar an sonrasc, cuir i gcás, nó **ar bhealach digiteach** trí fheidhmchláir chliste) **faisnéis maidir le praghas nó costas uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine arna soláthar de réir an lítir [...] nó an mhéadair chiúbaigh agus faisnéis ábhartha maidir le cáilíocht an uisce arna soláthar lena n-áirítear an méid a leanas [...]** a chur chuig gach duine a gcuirtear an soláthar uisce sin ar fáil dóibh, gan call dóibh an fhaisnéis sin a iarraidh:

[...]:

[...]

3. Beidh mír 1 agus mír 2 gan dochar do Threoir 2003/4/CE agus Treoir 2007/2/CE.

Airteagal 15

Faisnéis maidir leis an bhfaireachán a chur chun feidhme

1. Gan dochar do Threoir 2003/4/CE agus Treoir 2007/2/CE, déanfaidh na Ballstáit, le cabhair ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil:
 - (a) tacar sonraí a bhunú faoin ... [6 bliana tar éis an spriocdháta maidir leis an Treoir seo a thrasuí], agus a thabhairt cothrom le dáta gach 6 bliana ina dhiaidh sin, ina bhfuil faisnéis faoi **na bearta a glacadh chun rochtain ar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a fheabhsú agus úsáid an uisce sin a chur chun cinn**, [...], agus faoin sciar den daonra a bhfuil rochtain acu ar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. **Ní áirítear uisce i mbuidéil leis sin;**
 - (b) tacar sonraí a bhunú faoi.... [...] **6 bliana tar éis an spriocdháta maidir leis an Treoir seo a thrasuí**, agus a thabhairt cothrom le dáta gach [...] **6 bliana** ina dhiaidh sin, ina bhfuil [...] **measúnú agus bainistiú ar rioscaí sa dobharcheantar/sna dobharcheantair don phointe/do na pointí astarraingthe agus measúnú ar rioscaí na gcóras** [...] dáileacháin baile arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 10 faoi seach, agus an méid seo a leanas san áireamh leis:
 - (i) [...] **faisnéis maidir le dobharcheantair don phointe/do na pointí astarraingthe** faoi Airteagal 8(1)(a);
 - (ii) na torthaí ar an bhfaireachán, a bailíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(1)(c [...]) agus Airteagal 10(1)(b); agus
 - (iii) faisnéis achomair shoiléir faoi na bearta a rinneadh de bhun Airteagal 8[...] **4**) agus Airteagal 10(2);

- (c) tacar sonraí a bhunú, agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin, ina bhfuil na torthaí ar an bhfaireachán i gcásanna inar sáraíodh na luachanna paraiméadracha a socraíodh i gCuid A agus Cuid B d'Iarscríbhinn I, agus a bailíodh i gcomhréir le hAirteagal 9 agus Airteagal 11 agus faisnéis faoi na gníomhaíochtaí feabhais a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 12;
- (d) tacar sonraí a bhunú, agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin, ina bhfuil faisnéis faoi theagmhais uisce óil a bhí ina mbaol do shláinte an duine, beag beann ar aon mhainneachtain na luachanna paraiméadracha a chomhlíonadh, agus a mhair níos faide ná 10 lá i ndiaidh a chéile agus a rinne difear do 1 000 duine, ar a laghad, lena n-áirítear na cúiseanna leis na teagmhais sin agus na gníomhaíochtaí feabhais a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 12.
- (e) tacar sonraí a bhunú, agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin, ina bhfuil faisnéis faoi gach maolú a tugadh i gcomhréir le hAirteagal 12bis(1), lena n-áirítear an fhaisnéis a tuaradh in Airteagal 12bis(2).**

I gcás inar féidir, úsáidfear seirbhísí sonraí spásúla mar a shainmhínítear in Airteagal 3(4) de Threoir 2007/2/CE chun na tacair sonraí sin a thabhairt le fios.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ar na tacair sonraí dá dtagraítear i mír 1 ag an gCoimisiún, ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú.
3. Déanfaidh an Gníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil forléargas ar an Aontas ina iomláine a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn na sonraí a bhaileoidh na Ballstáit ar bhonn rialta nó tar éis iarraidh a fháil ón gCoimisiún.

Beidh ar áireamh san fhorléargas ar an Aontas ina iomláine, de réir mar is iomchuí, táscairí aschuir, torthaí agus tionchair na Treorach seo, mapaí forléargais ar an Aontas ina iomláine agus tuarascálacha forléargais ar na Ballstáit.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina sonrófar an fhormáid ina dtabharfar an fhaisnéis atá le tabhairt faoi mhír 1 agus mír 3, agus na rialacha mionsonraithe maidir leis an bhfaisnéis sin a thabhairt le fios, lena n-áirítear ceanglais mhionsonraithe maidir leis na táscairí, na mapaí forléargais ar an Aontas ina iomláine agus na tuarascálacha forléargais ar na Ballstáit dá dtagraítear i mír 3.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 20(2).

- 5. Féadfaidh Ballstáit maolú ón [...] Airteagal seo ar cheann ar bith de na forais dá dtagraítear in Airteagal 13(1) de Threoir 2007/2/CE.**

Airteagal 16

[...]

[...]

[...]

Airteagal 17
Meastóireacht

1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir faoin [12 bhliain tar éis an dáta deiridh chun an Treoir seo a thrasú]. Beidh an mheastóireacht sin bunaithe, *inter alia*, ar na heilimintí seo a leanas:
 - (a) an taithí a fuarthas agus an Treoir seo á cur chun feidhme;
 - (b) na tacair shonraí ó Bhallstáit a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 15(1) agus na forléargais ar an Aontas ina iomláine arna dtiomsú ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil i gcomhréir le hAirteagal 15(3);

(c) sonraí eolaíocha, anailíseacha agus eipidéimeolaíocha ábhartha;

(d) moltaí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, más ann dóibh.

2. I gcomhthéacs na meastóireachta, tabharfaidh an Coimisiún aird faoi leith ar fheidhmíocht na Treorach seo maidir leis na gnéithe seo a leanas:

(a) an cur chuige rioscabhunaithe a leagtar amach in Airteagal 7;

[...]

(b) [...] forálacha maidir leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil don phobal faoi Airteagal 14 agus Iarscríbhinn IV.

Airteagal 18

Iarscríbhinní a athbhreithniú agus a leasú

1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Iarscríbhinn **I** agus Iarscríbhinn **II**, gach cúig bliana ar a laghad, i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil **chomh maith le cur chuige rioscabhunaithe na mBallstát i leith sábháilteacht uisce atá sna tacair sonraí a bunaíodh de bhun Airteagal 15 agus, más iomchuí, ullmhóidh sé tograí reachtacha le haghaidh leasuithe i gcomhréir leis an gConradh.**

[...]

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19, lena leasaítear Iarscríbhinn [...] **III** [...] más gá, chun [...] í a chur in oiriúint do dhul chun cinn eolaíoch agus teicniúil [...].

Airteagal 19
An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 18(2) a thabhairt don Choimisiún ar feadh [...] **tréimhse 5 bliana ó [dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a ullmhú maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.**
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 18(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 18(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 20

Nós imeachta coiste

1. Beidh coiste de chúnamh ag an gCoimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.
2. I gcás ina dtagrófar don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 .

I gcás nach dtugann an Coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán Uimh. 182/2011.

Airteagal 21

Pionóis

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar bhearta náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Faoin ... [2 bhliain ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo], tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

Airteagal 22

Trasuí

1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagal 2 agus Airteagal 5 go hAirteagal 21 agus Iarscríbhinn I go hIarscríbhinn IV a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin ... [2 bhliain ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Cuirfidh siad téacs na mbeart sin in iúl láithreach don Choimisiún. Nuair a ghlacfaidh Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó gabhfaidh an tagairt sin leo tráth a bhfoilsithe go hoifigiúil. Áireoidh siad chomh maith ráiteas go ndéanfar tagairtí i bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin atá ann cheana maidir leis na Treoracha arna n-aisghairm leis an Treoir seo a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo. Is iad na Ballstáit a chinnefidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh agus conas a dhéanfar an ráiteas sin a leagan amach.
2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhforálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 22bis

Idirthréimhse

1. **Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go gcomhlíonfaidh uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine na luacha paraiméadacha a leagtar síos in Iarscríbhinn I, cuid B do na paraiméadair seo a leanas: Clóráit, Clóirít, Aigéid Halaicéiteacha, Micricistín-LR, Suim PFASanna, Úráiniam, faoi [3 bliana tar éis an spriocdháta do thrasuí].**
2. **Le linn na hidirthréimhse, ní bheidh de cheangal ar sholáthraithe uisce faireachán a dhéanamh ar uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine i gcomhréir le forálacha Airteagal 11 do na paraiméadair a liostaítear sa chéad mhír.**

Airteagal 23

Aisghairm

1. Déantar Treoir 98/83/CE, mar a leasaítear leis na hionstraimí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn V, a aisghairm le héifeacht ón [an lá tar éis an dáta a luaitear sa chéad fhomhír d'Airteagal 22(1)], gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn V a thrasuí sa dlí náisiúnta.

Déanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn VI.

2. Maidir le maoluithe a dheonaigh Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Threoir 98/83/CE agus atá fós i bhfeidhm faoin [an dáta deiridh chun an Treoir seo a thrasuí], leanfaidh siad d'fheidhm a bheith leo go dtí go dtiocfaidh deireadh leis na maoluithe sin. Ní fhéadfar iad **a athnuachan i gcomhréir le hAirteagal 12bis ach i gcás nach mbeidh an dara maolú tugtha go fóill, agus sa chás sin amháin. [...] Beidh sé fós infheidhme maidir leis na maoluithe sin a bheidh tugtha cheana féin ag na Ballstáit tráth theacht i bhfeidhm na Treorach seo go mbeidh cead an tríú maolú a iarraidh ar an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Threoir 98/83/CE.**

Airteagal 24

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 25

Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

Iarscríbhinn a ghabhann leis an IARSCRÍBHINN
IARSCRÍBHINN I

**CEANGLAIS ÍOSTA MAIDIR LEIS NA LUACHANNA PARAIMÉADRACHA A
ÚSÁIDTEAR CHUN CÁILÍOCHT AN UISCE ATÁ CEAPTHA DO THOMHALTAS AN
DUINE A MHEAS**

CUID A

Paraiméadair mhicribhitheolaíocha

Paraiméadar	Luach paraiméadrach	Aonad	Nótaí
[...]	[...]	[...]	
[...]	[...]	[...]	
Enterococci [...] stéigeach	0	Líon/100 ml	D'uisce arna chur i mbuidéil nó i gcoimeádáin is é an t-aonad líon/250 ml
<i>Escherichia coli (E. coli)</i>	0	Líon/100 ml	D'uisce arna chur i mbuidéil nó coimeádáin is é an t-aonad líon/250 ml
[...]	[...]		
[...]	[...]	[...]	
[...]	[...]	[...]	

CUID B

Paraiméadair cheimiceacha

Paraiméadar	Luach paraiméadrach	Aonad	Nótaí
Aicriolaimíd	0,10	µg/l	Tagraíonn an luach paraiméadrach don tiúchan iarmharach de mhonaiméirí san uisce arna ríomh de réir sonraíochtaí den mhéid uasta is ceadmhach a scaoileadh ón bpolaiméir chomhfhreagrach atá i dteagmháil leis an uisce.
Antamón	[...] 20	µg/l	
Arsanaic	10	µg/l	
Beinséin	1,0	µg/l	
Beinsi[a]piréin	0,010	µg/l	
[...]	[...]	[...]	
[...]	[...]	[...]	
Bórón	[...] 2,4	mg/l	
Brómáit	10	µg/l	
Caidmiam	5,0	µg/l	

Clóráit	0,25	mg/l	Cuirfear luach paraiméadrach 0,7 mg/l i bhfeidhm nuair a bhaintear úsáid as modh dífhabhtaithe a ghineann clóirít, go háirithe dé-ocsaíd clóirín, chun uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a dhífhabhtú. I gcás inar féidir déanamh amhlaidh, gan cur as don dífhabhtú, ba cheart do na Ballstáit féachaint le luach níos ísle a bhaint amach. Ní dhéanfar an paraiméadar seo a thomhas ach amháin má bhaintear úsáid as na modhanna dífhabhtaithe sin.
Clóirít	0,25	mg/l	Cuirfear luach paraiméadrach 0,7 mg/l i bhfeidhm nuair a bhaintear úsáid as modh dífhabhtaithe a ghineann clóirít, go háirithe dé-ocsaíd clóirín, chun uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a dhífhabhtú. I gcás inar féidir déanamh amhlaidh, gan cur as don dífhabhtú, ba cheart do na Ballstáit féachaint le luach is ísle ná sin a bhaint amach. Ní dhéanfar an paraiméadar seo a thomhas ach amháin má bhaintear úsáid as na modhanna dífhabhtaithe sin.
Cróimiam	25	µg/l	Déanfar an luach a chomhlíonadh, ar a dhéanaí, faoi [15 [...] bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Is é 50 µg/l an luach paraiméadrach maidir le cróimiam go dtí an dáta sin.

Copar	2,0	mg/l	
Ciainíd	50	µg/l	
1,2-déchlóireatán	3,0	µg/l	
Eipeaclóirahidrin	0,10	µg/l	Tagraíonn an luach paraiméadrach don tiúchan iarmharach de mhonaiméirí san uisce arna ríomh de réir sonraíochtaí den mhéid uasta is ceadmhach a scaoileadh ón bpolaiméir chomhfhreagrach atá i dteagmháil leis an uisce.
Fluairíd	1,5	mg/l	
Aigéid halaicéiteacha (HAA5[...])	[...] 60	µg/l	Ní dhéanfar an paraiméadar seo a thomhas ach amháin nuair a úsáidtear modhanna dífhabhaithe lenar féidir aigéid halaicéiteacha (HAAnna) a ghiniúint chun uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a dhífhabhú. Suim na gcúig [...] substaintí ionadaíocha seo a leanas: aigéad monaclóraicéiteach, déchlóraicéiteach, agus tríchlóraicéiteach, aigéad monabrómaicéiteach agus débhrómaicéiteach [...].

Luaidhe	[...] 10	µg/l	<u>Tá na bearta íoslaghdaithe atá i gcomhréir le hAirteagal 10 den Treoir seo ag gabháil leis an luach uasta sin. Ba cheart do na Ballstáit féachaint le luach níos lú de 5 µg/l a bhaint amach faoi 15 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo. [...]</u>
Mearcair	1,0	µg/l	
Micricistín-LR	1,0	µg/l	Ní gá an paraiméadar seo [...] a thomhas ach i gcás blúmán a d'fhéadfadh a bheith in uisce foinse (rud a chuireann le dlús na gceall cianabaictéireach nó leis an bhféidearthacht go gcruthófaí blúmán).
Nicil	20	µg/l	
Níotráit	50	mg/l	Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an coinníoll $[n\acute{o}tr\acute{a}it]/50 + [n\acute{i}tr\acute{i}t]/3 \leq 1$, áit a gciallaíonn na lúibíní cearnacha an tiúchan níotráite (NO ₃) agus nítríte (NO ₂) i mg/l, a chomhlíonadh agus go gcomhlíonfar an luach 0,10 mg/l i gcás nítrítí lasmuigh de na hoibreacha cóireála uisce.

Nítrít	0,50	mg/l	Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an coinníoll $[\text{níotráit}]/50 + [\text{nítrít}]/3 \leq 1$, áit a gciallaíonn na lúibíní cearnacha an tiúchan níotráite (NO ₃) agus nítríte (NO ₂) i mg/l, a chomhlíonadh agus go gcomhlíonfar an luach 0,10 mg/l i gcás nítrítí lasmuigh de na hoibreacha cóireála uisce.
[...]	[...]	[...]	
Lotnaidicídí	0,10	µg/l	Ciallaíonn 'Lotnaidicídí': – feithidicídí orgánacha, – luibhicídí orgánacha, – fuingicídí orgánacha, – néimeataicídí orgánacha, – acairicídí orgánacha, – ailgicídí orgánacha, – creimircídí orgánacha, – slaimicídí orgánacha, – táirgí gaolmhara (rialaitheoirí fáis, <i>inter alia</i>) agus a gcuid meitibilítí [...], mar a shainmhínítear in Airteagal 3(32) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ¹ , a mheastar a bheith ábhartha d'uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Meastar go bhfuil meitibilít lotnaidicíd ábhartha d'uisce atá

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

			ceaptha do thomhaltas an duine má tá cúis ann lena cheapadh go bhfuil airíonna intreacha aici is inchomparáide leis na cinn atá sa mháthairshubstaint ó thaobh a spriocghníomhaíochta lotnaidicíde nó go ngineann sí (í féin nó a táirgí trasfhoirmithe) riosca do shláinte an tomhaltóra. Tá an luach paraiméadrach infheidhme maidir le gach lotnaidicíd ar leith. I gcás aildrine, dé-eildrine, heipteaclóir agus eapocsaíd heipteaclóir, is é 0,030 µg/l an luach paraiméadrach. Féadfaidh na Ballstáit treoirluach a shainiú chun bainistiú a dhéanamh ar mheitibilítí nó lotnaidicídí neamhábhartha atá i láthair in uisce óil nó, mura bhfuil a leithéid de luach ann, ba cheart do na Ballstáit an luach 0,75 µg/l a úsáid. Ní gá faireachán a dhéanamh ach ar na lotnaidicídí sin ar dócha go mbeidh siad i láthair i soláthar ar leith. Bunaithe ar na sonraí arna dtuairisciú do na Ballstáit, féadfaidh an Coimisiún bunachar sonraí a bhunú de lotnaidicídí gona meitibilítí ábhartha agus a chur san áireamh go bhféadfaidís a bheith i láthair in uisce atá
--	--	--	---

			ceaptha do thomhaltas an duine.
Lotnaidicídí — Iomlán	0,50	µg/l	Ciallaíonn 'Lotnaidicídí — Iomlán' suim iomlán na lotnaidicídí ar leith go léir, mar a shainmhínítear sa ró roimhe seo, a braitheadh agus a cainníochtaíodh sa nós imeachta faireacháin.
[...]	[...]	[...]	[...]
[...]	[...]	[...]	[...]
Suim PFASanna	0,10	µg/l	Ciallaíonn 'suim PFASanna' suim na substaintí uile sárfluairile agus polafluairile a meastar gur ábhar imní iad d'uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Fo-thacar substaintí PFAS é sin ina bhfuil páirt shárfluairile le trí charbón nó níos mó ((i.e. $-C_nF_{2n}-$, $n \geq 3$) nó páirt shárfluairile le dhá charbón nó níos mó (i.e. $-C_nF_{2n}OC_mF_{2m}-$, n agus $m \geq 1$). Tá sonraíochtaí do na PFASanna a roghnaíodh agus anailís ar an bparaiméadar seo san áireamh le hIarscríbhinn III, Cuid B, pointe 3.

Hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha	0,10	µg/l	Suim thiúchana na gcomhdhúl sonraithe seo a leanas: beinsea(b)fluaraintéin, beinsea(k)fluaraintéin, beinsi(ghi)peiriléin, agus indéini(1, 2, 3-cd)piréin.
Seiléiniam	[...] 30	µg/l	
Teitreaclóireitín agus Tríchlóireitín	10	µg/l	Suim iomlán thiúchana na bparaiméadar sonraithe
Tríhalaimeatáin — Iomlán	100	µg/l	I gcás inar féidir déanamh amhlaidh, gan cur as don dífhachtú, ba cheart do na Ballstáit féachaint le luach níos ísle a bhaint amach. Suim thiúchana na gcomhdhúl sonraithe seo a leanas: clóraform, brómaform, débhrómaclóraimeatán, brómaidhéchlóraimeatán.
Úráiniam	30	µg/l	
Clóiríd vinile	0,50	µg/l	Tagraíonn an luach paraiméadrach don tiúchan iarmharach de mhonaiméirí san uisce arna ríomh de réir sonraíochtaí den mhéid uasta is ceadmhach a scaoileadh ón bpolaiméir chomhfhreagrach atá i dteagmháil leis an uisce.

CUID C

Paraiméadair tháscacha

Paraiméadar	Luach paraiméadrach	Aonad	Nótaí
Alúmanam	200	µg/l	
Amóiniam	0,50	mg/l	
Clóirídí	250	mg/l	Níor cheart an t-uisce a bheith creimneach.
<i>Clostridium perfringens</i> lena n-áirítear spóir	0	Líon/100 ml	<u>Ní mór an paraiméadar sin a thomhas má léirítear sin sa mheasúnú riosca. [...]</u>
Dath	Sásúil do thomhaltóirí agus gan athrú mínormálta		
Seoltacht	2500	µS cm ⁻¹ ag 20 °C	Níor cheart an t-uisce a bheith ionsaitheach.

Tiúchan ian hidrigine	$\geq 6,5$ agus $\leq 9,5$	aonaid pH	Níor cheart an t-uisce a bheith ionsaitheach. I gcás uisce gan súilíní a chuirtear i mbuidéil nó coimeádáin, féadfar an t-íosluach a laghdú go 4.5 aonad pH. I gcás uisce a chuirtear i mbuidéil nó coimeádáin atá lán le dé-ocsaíd nítriúil go nádúrtha nó atá saibhrithe go saorga le dé-ocsaíd charbóin, féadfar an t-íosluach a bheith níos lú ná sin.
Iarann	200	µg/l	
Mangainéis	50	µg/l	
Boladh	Sásúil do thomhaltóirí agus gan athrú mínormálta		
Inocsaídeacht	5,0	mg/l O₂	Ní gá an paraiméadar sin a thomhas ach amháin má tá anailís déanta ar pharaiméadar TOC.
Sulfáit	250	mg/l	Níor cheart an t-uisce a bheith creimneach.
Sóidiam	200	mg/l	
Blas	Sásúil do thomhaltóirí agus gan athrú mínormálta		

Áireamh coilíneachtaí ag 22°	Gan athrú mínormálta		
Baictéir dhrólannacha	0	líon/100 ml	I gcás uisce a chuirtear i mbuidéil nó coimeádáin is é líon/250 ml an t-aonad.
Iomlán an charbóin orgánaigh (TOC)	Gan athrú mínormálta		Ní gá an paraiméadar sin a thomhas i gcás soláthairtí is lú ná 10 000 m³.
Moirtiúlacht	Sásúil do thomhaltóirí agus gan athrú mínormálta		

Níor cheart na huiscí a bheith creimneach ná ionsaitheach. Is fíor sin go háirithe i gcás uiscí a bhfuil cóireáil á déanamh orthu (dímhianrú, bogadh, cóireáil scannáin, cúlosmóis, etc.)

I gcás ina bhfaightear uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine ó [...] chóireáil a dhímhianraíonn nó a bhogann an t-uisce go mór, d'fhéadfaí cailciam agus salainn mhaignéisiam a chur leis chun é a riochtú d'fhonn an tionchar diúltach sláinte a d'fhéadfadh a bheith aige a laghdú, chomh maith le creimeadh nó ionsaitheacht an uisce, agus an blas a fheabhsú. D'fhéadfaí tiúchana ísle de chailciam agus maignéisiam nó solaid tuaslagtha in uisce bog nó dímhianraithe a bhunú agus tréithe an uisce a gcuirtear faoi na próisis sin é á gcur san áireamh.

CUID D

Paraiméadair is ábhartha maidir leis an measúnú riosca ar an gcóras dáileacháin baile

Paraiméadar	Luach paraiméadrach	Aonad	Nótaí
<i>Legionella</i>	<1000	[...] CFU/l	[...] Ní mar sprioc sláinte, ach mar thruicearluach lenar féidir measúnú riosca agus gníomhaíocht feabhais a chinneadh, a shocraítear an luach paraiméadrach sin. D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí sin a mheas faoin luach paraiméadrach fiú, e.g. i gcás ionfhabhtuithe agus ráigeanna. Sna cásanna sin, ba cheart foinse an ionfhabhtaithe a dhaingniú agus an speiceas lena mbaineann sé a shainaithint.

Luaidhe	[...] <u>10</u>	µg/l	<u>Tá na bearta íoslaghdaithe atá i gcomhréir le hAirteagal 10 den Treoir seo ag gabháil leis an luach uasta sin. Ba cheart do na Ballstáit féachaint le luach níos lú de 5 µg/l a bhaint amach faoi 15 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo. [...]</u> <u>[...]</u>
---------	------------------------	------	--

IARSCRÍBHINN II

FAIREACHÁN

CUID A

Cuspóirí ginearálta agus cláir faireacháin maidir leis an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine

1. Na cláir faireacháin a bhunaítear ar Airteagal 11(2) maidir le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine, déanfaidh siad :
 - (a) a fhíorú go bhfuil bearta éifeachtacha i bhfeidhm chun rioscaí do shláinte an duine a rialú feadh an tslabhra soláthair uisce ina iomláine, ag an limistéar astarraingthe agus le linn chóireáil, stóráil agus dháileadh an uisce, agus a fhíorú gur glan folláin atá an t-uisce ag an bpointe comhlíontachta;
 - (b) faisnéis a chur ar fáil faoi cháilíocht an uisce arna sholáthar do thomhaltas an duine chun a thaispeáint go bhfuiltear ag comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 4 agus na luachanna paraiméadracha a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 5;
 - (c) an chaoi is oiriúnaí a shainaithint chun an baol do shláinte an duine a mhaolú.
2. Na cláir faireacháin a bhunaítear de bhun Airteagal 11(2), áireofar orthu ceann de na nithe seo a leanas **nó meascán díobh**:
 - (a) samplaí scoite den uisce a bhailiú agus a anailísiú;
 - (b) tomhais arna dtaifeadadh trí phróiseas leanúnach faireacháin.

[...]

[...]

[...]

Ina theannta sin, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist le cláir faireacháin:

- (a) cigireachtaí ar thaifid ar fheidhmiúlacht agus stádas cothabhála an trealaimh;
- (b) cigireachtaí ar an limistéar astarraingthe, agus ar an mbonneagar cóireála, stórála agus dáileacháin, gan dochar do na ceanglais faireacháin dá bhforáiltear faoi Airteagal 8(1)(c) agus Airteagal 10(1)(b).

3. **Áireofar, freisin, ar na cláir faireacháin clár rialaithe oibriúcháin lena dtabharfar léargas mear ar fheidhmíocht oibriúcháin agus fadhbanna cáilíochta uisce, agus lenar féidir gníomhaíocht mhear feabhais réamhphleanáilte a dhéanamh. Beidh na cláir rialaithe oibriúcháin sin dírithe go sonrach ar chineál soláthair ar leith, agus cuirfear san áireamh torthaí sainaithint guaiseacha agus eachtraí guaiseacha agus torthaí na measúnuithe riosca ar ghuaiseacha, agus torthaí na measúnuithe riosca ar an soláthar[...], agus é mar aidhm acu a éifeachtaí atá na bearta rialaithe uile le linn chéimeanna na hastarraingthe, na cóireála, an dáileacháin agus na stórála a dheimhniú.**

Mar chuid den chlár rialaithe oibriúcháin, déanfar faireachán ar pharaiméadar na moirtiúlachta ag monarcha an tsoláthair uisce chun rialú rialta a dhéanamh ar éifeachtúlacht na bpróiseas scagtha i dtaca leis an bparaiméadar sin a bhaint, i gcomhréir leis na luachanna tagartha agus na minicíochtaí a léirítear sa tábla seo a leanas (níl sin infheidhme maidir le foinsí screamhuisce ina dtarlaíonn moirtiúlacht de bharr iarainn agus mangainéise):

Paraiméadar oibriúcháin	Luach tagartha
Moirtiúlacht	0.3 NTU [...]i95[...]% de shamplaí agus gan aon cheann acu a bheith níos airde ná [...]1 NTU [...]

An toirt (m³) uisce a dháiltear nó a tháirgtear gach lá laistigh de chrios soláthair	Minicíocht íosta
≤ 1000	Go seachtainiúil
> 1000 go ≤ 10 000	Laethúil
>10 000	Ar líne

Áireofar freisin ar an gclár rialaithe oibriúcháin faireachán na bparaiméadar seo a leanas san amhuisce chun rialú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na bpróiseas cóireála i gcoinne rioscaí micribitheolaíocha:

Paraiméadar Oibriúcháin	Luach tagartha	Aonad	Nótaí
<i>Clostridium perfringens</i> lena n-áirítear spóir			Ní mór an paraiméadar sin a thomhas <u>má léirítear sin sa mheasúnú riosca [...]</u>. Má tá sé le fáil in amhuisce, ba cheart anailís a dhéanamh air tar éis chéimeanna na traenach cóireála chun baint logartaim ag na bacainní atá i bhfeidhm a mheas agus chun a mheasúnú cé acu atá nó nach bhfuil smacht leordhóthanach ar an riosca go dtiocfaidh spóir seadáin (<i>Cryptosporidia</i> agus <i>Giardia</i>) chun tosaigh. Ní mór an paraiméadar sin a thomhas in uisce óil críochnaithe má bhíonn sé clóirínithe.

Baictéarafagach sómatach drólannach	50 (le haghaidh amhuisce)	Aonaid Déanta Plaice (PfU) /100 ml	Ní mór an paraiméadar sin a thomhas <u>má léirítear sin sa mheasúnú riosca [...]</u>. Má tá sé le fáil in amhuisce ag tiúchana > 50 PfU /100 ml, ba cheart anailís a dhéanamh air tar éis chéimeanna na traenach cóireála chun baint logartaim ag na bacainní atá i bhfeidhm a mheas agus chun a mheasúnú acu atá nó nach bhfuil smacht leordhóthanach ar an riosca go dtiocfaidh viris phataigineacha chun tosaigh.
--	--	---	--

4. Áiritheoidh na Ballstáit go n-athbhreithneofar na cláir faireacháin ar bhonn leanúnach agus go ndéanfar iad a thabhairt cothrom le dáta nó a athdheimhniú gach 6 bliana ar a laghad.

CUID B

Paraiméadair agus minicíochtaí samplála

1. [...] *Liosta paraiméadar*

Grúpa A

Déanfar faireachán ar na paraiméadair seo a leanas (Grúpa A) i gcomhréir leis na minicíochtaí faireacháin a leagtar amach i dTábla 1 de phointe 2:

- (a) *Escherichia coli* (*E. coli*), enterococci stéigeach, baictéir dhrólannacha, áireamh coilíneachtaí ag 22 °C, dath, moirtiúlacht, blas, boladh, pH, seoltacht;
- (b) Paraiméadair eile a shainaithnítear a bheith ábhartha sa chlár faireacháin, i gcomhréir le hAirteagal 5(3) agus, i gcás inarb ábhartha, trí mheasúnú riosca ar an gcóras soláthair mar a leagtar amach in Airteagal 9 agus Iarscríbhinn II, Cuid C.

Faoi imthosca sonracha, cuirfear na paraiméadair seo a leanas le Paraiméadair Ghrúpa A:

- (a) amóiniam agus nítrít, má úsáidtear clóraitíníú;
- (b) alúmanam agus iarann, má úsáidtear iad mar cheimiceáin cóireála uisce.

Glactar leis gur 'croípharaiméadair' iad *Escherichia coli* (*E. coli*) agus enterococci stéigeach [...] agus ní ceadmhach iad a bheith faoi réir **laghdaithe mar gheall ar** mheasúnú riosca ar an soláthar i gcomhréir le **hAirteagal 9** agus Cuid C den Iarscríbhinn seo. Déanfar faireachán orthu i gcónaí ag na minicíochtaí a leagtar amach i dTábla 1 de phointe 2.

Paraiméadair Ghrúpa B

Chun comhlíonadh na luachanna paraiméadracha uile a leagtar amach sa Treoir seo a chinneadh, déanfar faireachán ar gach paraiméadar eile nach ndéantar anailís air faoi Ghrúpa A agus a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 5, seachas na paraiméadair atá in Iarscríbhinn 1, Cuid [...] D [...], ag na minicíochtaí a leagtar amach i dTábla 1 de phointe 2 ar a laghad, murab é go gcinntear minicíocht eile samplála i bhfianaise measúnú riosca ar an soláthar arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 9 agus Cuid C den Iarscríbhinn seo.

2. *Minicíochtaí samplála*

[...]

Tábla 1			
Minicíocht íosta samplála agus anailíse chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na bparaiméadar			
An toirt uisce a dháiltear nó a tháirgtear gach lá laistigh de chrios soláthair (Féach Nóta 1 agus Nóta 2) m³		Paraiméadar Ghrúpa A an líon samplaí sa bhliain	Paraiméadar Ghrúpa B an líon samplaí sa bhliain
	≤ 10	> 0 (Féach Nóta 4)	> 0 (Féach Nóta 4)
>10	≤ 100	2	1 (Féach Nóta 5)
>100	≤ 1000	4	1
>1000	≤ 10000	4 don chéad 1000 m³/l [l=lá] + 3 le haghaidh gach 1000 m³/l breise agus cuid de den toirt iomlán (Féach Nóta 3)	1 don chéad 1000 m³/l [l=lá] + 1 le haghaidh gach 4500 m³/l breise agus cuid de den toirt iomlán (Féach Nóta 3)
>10000	≤ 100000		3 don chéad 10000 m³/l [l=lá] + 1 le haghaidh gach 10000 m³/l breise agus cuid de den toirt iomlán (Féach Nóta 3)
>100000			12 don chéad 100000 m³/l [l=lá] + 1 le haghaidh gach 25000 m³/l breise agus cuid de den toirt iomlán (Féach Nóta 3)

[...]

[...]

Nóta 1: Is é is crios soláthair ann limistéar atá sainithe go geografach arb as foinse amháin nó níos mó laistigh de a fhaightear an t-uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine agus ar féidir glacadh leis gur cáilíocht aonfhoirmeach, den chuid is mó, atá san uisce ann.

Nóta 2: Ríomhtar an toirt mar mheán a thógtar in aon bhliain féilire amháin. Féadfar an líon áitritheoirí i gcrios soláthair a úsáid in ionad na toirte uisce chun an íosmhinicíocht a shocrú, ar bhonn tomhaltas uisce de 200 l/(lá*capita).

Nóta 3: Is mar seo a leanas a ríomhtar an mhinicíocht a léirítear: e.g. $4300 \text{ m}^3/\text{l} = 16$ shampla do pharaiméadair ghrúpa A (ceithre cinn don chéad $1000 \text{ m}^3/\text{l}$ + dhá cheann déag do $3300 \text{ m}^3/\text{l}$ breise).

- Nóta 4:** Maidir le soláthraithe uisce, i gcás nár tugadh díolúine faoi Airteagal 3(2)(b), leagfaidh na Ballstáit síos an íosmhinicíocht samplála do pharaiméadair ghrúpa A agus ghrúpa B, ar choinníoll go ndéanfar faireachán ar chroípharaiméadair uair sa bhliain ar a laghad. [...]
- Nóta 5:** Féadfaidh na Ballstáit an mhinicíocht samplála a laghdú ar choinníoll go ndéanfar faireachán uair gach deich mbliana ar a laghad ar na paraiméadair uile a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 5 mar aon le cásanna ina gcomhtháthaítear foinse nua uisce nó ina ndéantar athruithe ar an gcóras soláthair uisce, i gcás ina meastar go bhféadfaí éifeacht dhíobhálach ar an uisce a bheith ann.

CUID C

Measúnú riosca ar an gcóras soláthair[...]

[...]

1 [...]. Bunaithe ar thoradh an mheasúnaithe riosca ar an gcóras soláthair dá dtagraítear in Airteagal 9, [...] cuirfear le liosta na bparaiméadar a ndéanfar faireachán orthu agus ardófar na minicíochtaí samplála a leagtar amach i gCuid B, i gcás ina gcomhlíonfar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) nach leor an liosta paraiméadar ná na minicíochtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn seo chun na hoibleagáidí a fhorchuirtear le hAirteagal 11(1) a chomhlíonadh;
- (b) gur gá faireachán breise chun críocha Airteagal 11(5);
- (c) gur gá na dearbhuithe a leagtar amach i bpointe (1)(a) de Chuid A a chur ar fáil;

[...]

[...] 2. Tar éis measúnú riosca a dhéanamh ar an gcóras soláthair [...], féadfar liosta na bparaiméadar a ndéanfar faireachán orthu a ghiorrú, agus na minicíochtaí samplála a leagtar amach i gCuid B a ísliú, ar choinníoll go gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) go gcinntear an suíomh samplála agus an mhinicíocht samplála i gcoibhneas le bunús an pharaiméadair, agus le hinathraitheacht agus treocht fhadtéarmach a thiúchana, agus aird á tabhairt ar Airteagal 6;

- (b) maidir le minicíocht fosta na samplála a laghdú i gcás paraiméadair, gur lú ná 60 % den luach paraiméadrach gach ceann de na torthaí a fuarthas ó shamplaí a bailíodh ag eatraimh rialta thar thréimhse nach lú ná 3 bliana ó phointí samplála atá ionadaíoch ar an gcrios soláthair ina iomláine;
- (c) maidir le paraiméadar a bhaint den liosta de na paraiméadair a mbeidh faireachán le déanamh orthu, gur lú ná 30 % den luach paraiméadrach gach ceann de na torthaí a fuarthas ó shamplaí a bailíodh ag eatraimh rialta thar thréimhse nach lú ná 3 bliana ó phointí atá ionadaíoch ar an gcrios soláthair ina iomláine;
- (d) maidir le paraiméadar a bhaint de liosta na bparaiméadar a mbeidh faireachán le déanamh orthu, go bhfuil an cinneadh sin bunaithe ar thoradh an mheasúnaithe riosca, go bhfuil torthaí an fhaireacháin ar fhoinsí an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine mar bhonn eolais leis agus go ndeimhnítear leis go gcosnaítear sláinte an duine ar na héifeachtaí díobhálacha a bhaineann le héilliú aon uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine, mar a leagtar síos in Airteagal 1;
- (e) maidir le minicíocht samplála paraiméadair a laghdú nó paraiméadar a bhaint den liosta de na paraiméadair a mbeidh faireachán le déanamh orthu, go ndeimhnítear sa mheasúnú riosca nach ann d'aon toisc ar féidir a bheith ag súil leis le réasún gur dóigh go mbainfidh sí ó cháilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine.

[...] **3.** I gcás ina mbeidh torthaí an fhaireacháin, lena léirítear gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (b) go pointe (e) de mhír [...] **2**, ar fáil cheana faoi [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], féadfar na torthaí sin a úsáid chun an faireachán a oiriúnú tar éis **an mheasúnaithe riosca ar an gcóras soláthair**[...] ón dáta sin.

I gcás inar cuireadh coigeartuithe faireacháin chun feidhme cheana tar éis an mheasúnuithe riosca ar an soláthar i gcomhréir, *inter alia*, le Cuid C de Threoir 2015/1787 ón gCoimisiún, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh don fhéidearthacht a mbailíocht a dheimhniú gan gá a bheith le faireachán i gcomhréir le mír 2(b) agus mír 2(c) le linn tréimhse eile trí bliana ar a laghad ó phointí atá ionadaíoch ar an gcrios soláthair ina iomláine.

CUID D

Modhanna samplála agus pointí samplála

1. Cinnfear pointí samplála chun a áirithiú go gcomhlíonfar na pointí comhlíontachta mar a shainmhínítear in Airteagal 6. I gcás gréasán dáileacháin, féadfaidh Ballstát samplaí a thógáil laistigh den chrios soláthair nó ag na hoibreacha cóireála i gcás paraiméadair ar leith más féidir a léiriú nach mbeadh aon athrú díobhálach ann ar luach tomhaiste na bparaiméadar lena mbaineann. A mhéid is féidir, dáilfear an líon samplaí go cothrom ó thaobh ama agus suímh de.
2. Comhlíonfar na ceanglais seo a leanas le linn sampláil ag an bpointe comhlíontachta:
 - (a) is ag buacaire an tomhaltóra, gan é a shruthlú roimh ré, a thógfar samplaí comhlíontachta maidir le paraiméadair cheimiceacha áirithe (go háirithe copar, luaidhe, [.../ agus nicil). Tógfar sampla lae randamaigh de thoirt lítir amháin. De rogha air sin, féadfaidh na Ballstáit leas a bhaint as modhanna samplála ar thréimhsí seasta lonnaithe uisce lena dtugtar léiriú níos fearr ar an gcás náisiúnta, **amhail iontógáil sheachtainiúil na dtomhaltóirí**, ar choinníoll gurb amhlaidh, ar leibhéal an chreasa soláthair, nach é an toradh a bheadh air sin gur lú an líon cásanna de neamhchomhlíonadh ná an líon a bheadh ann dá n-úsáidfí modh an lae randamaigh;
 - (b) is de réir EN ISO 19458, cuspóir samplála B, a dhéanfar samplaí comhlíontachta a thógáil agus a láimhseáil maidir le paraiméadair mhicribhitheolaíocha ag an bpointe comhlíontachta.

Tógfar samplaí le haghaidh *Legionella* i gcórais dáileacháin baile ag pointí riosca maidir le leathadh *Legionella pneumophila* agus/nó pointí atá ionadaíoch ar nochtadh sistéamach do *Legionella*. Bunóidh na Ballstáit treoirilínte maidir le modhanna samplála le haghaidh *Legionella*.

3. Is de réir ISO 5667-5 a dhéanfar an tsampláil sa ghréasán dáileacháin, cé is moite den tsampláil a dhéanfar ag buacaire an tomhaltóra. I gcás paraiméadair mhicribhitheolaíocha, is de réir EN ISO 19458, cuspóir samplála A, a dhéanfar samplaí a thógáil agus a láimhseáil sa ghréasán dáileacháin.

IARSCRÍBHINN III

SONRAÍOCHTAÍ MAIDIR LEIS AN ANAILÍS AR NA PARAIMEÁDAIR

Áiritheoidh na Ballstáit gur de réir EN ISO/IEC 17025, nó de réir caighdeáin choibhéiseacha eile a nglactar leo ar an leibhéal idirnáisiúnta, a dhéanfar bailíochtú agus taifeadadh ar na modhanna anailíse a úsáidfear chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na Treorach seo, **cé is moite de mhoirtiúlacht ar líne**, agus chun an comhlíonadh sin a léiriú. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh saotharlanna nó páirtithe atá ar conradh ag saotharlanna cleachtais córais bainistíochta cáilíochta i bhfeidhm de réir EN ISO/IEC 17025 nó caighdeáin choibhéiseacha eile a nglactar leo ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Chun críocha measúnú a dhéanamh ar choibhéis modhanna malartacha leis na modhanna a leagtar síos san Iarscríbhinn seo, féadfaidh na Ballstáit caighdeán EN ISO 17994 a úsáid, a bunaíodh mar an caighdeán maidir le coibhéis modhanna micribhitheolaíochta nó caighdeán EN ISO 16140 nó aon phrótacail chomhchosúla eile a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta, d'fhonn coibhéis modhanna bunaithe ar phrionsabail seachas ar shaothrú, atá thar raon feidhme EN ISO 17994.

I gcás nach ann do mhodh anailíse lena gcomhlíontar na critéir feidhmíochta íosta a leagtar amach i gCuid B, áiritheoidh na Ballstáit go mbainfear leas, chun an faireachán a dhéanamh, as na teicnící is fearr atá ar fáil gan costais iomarcacha a thabhu.

CUID A

Paraiméadair mhicribhitheolaíochta a sonraítear modhanna anailíse ina leith

Is iad seo a leanas na modhanna le haghaidh paraiméadair mhicribhitheolaíochta:

- (a) *Escherichia coli* (*E. coli*) agus baictéir dhrólannacha (EN ISO 9308-1 nó EN ISO 9308-2)
- (b) Enterococci **stéigeach** (EN ISO 7899-2)
- (c) [...]

(d) áireamh coilíneachtaí nó áirimh coilíneachtaí heitreatrófacha ag 22 °C (EN ISO 6222)

(e) *Clostridium perfringens*, lena n-áirítear spóir (EN ISO 14189)

(f) [...]

(g) *Moirtiúlacht* (EN ISO 11731)

I gcás ráige, d'fhéadfaí tástáil ghasa a úsáid agus í ina comhlánú ar na modhanna saothrúcháin.

(h) Baictéarafagaigh shómatacha dhrólannacha (EN ISO 10705-2; **EN ISO 10705-3**)

CUID B

Paraiméadair cheimiceacha agus tháscacha a sonraítear saintréithe feidhmíochta ina leith

1. Paraiméadair cheimiceacha agus tháscacha

I gcás na bparaiméadar a leagtar amach i dTábla 1, beidh an modh anailíse a úsáidtear ábalta, ar a laghad, tiúchana a thomhas atá cothrom leis an luach paraiméadrach nuair atá teorainn cainníochtaithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) de Threoir 2009/90/CE¹ ón gCoimisiún, 30 % nó níos ísle den luach paraiméadrach ábhartha, agus neamhchinnteacht tomhais mar a shonraítear i dTábla 1, ag dul leis. Sloinnfear an toradh trí úsáid a bhaint, ar a laghad, as an líon céanna figiúirí suntasacha a úsáidtear sa luach paraiméadrach a bhreithnítear i **gCuid B agus Cuid C** d'Iarscríbhinn I.

Ní bhainfear úsáid as an neamhchinnteacht tomhais a leagtar síos i dTábla 1 mar lamháltas breise ar na luachanna paraiméadracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Tábla 1		
An tsaintréith feidhmíochta íosta um 'Neamhchinnteacht tomhais'		
Paraiméadair	Neamhchinnteacht tomhais (Féach Nóta 1) % den luach paraiméadrach (seachas pH)	Nótaí
Alúmanam	25	
Amóiniam	40	
Aicriolaimíd	30	
Antamón	40	
Arsanaic	30	
Beinsi[a]piréin	50	Féach Nóta 2
Beinséin	40	

¹ Treoir 2009/90/CE ón gCoimisiún an 31 Iúil 2009 lena leagtar síos, de bhun Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, sonraíochtaí teicniúla maidir le hanailís cheimiceach agus faireachán a dhéanamh ar stádas an uisce (IO L 201, 1.8.2009, lch. 36).

[...]	[...]	
[...]	[...]	
Bórón	25	
Brómáit	40	
Caidmiam	25	
Clóirídí	15	
Clóráit	[...] 40	
Clóirít	[...] 40	
Cróimiam	30	
Copar	25	
Ciainíd	30	Féach Nóta 3
1,2-déchlóireatán	40	
Eipeaclóiraihídrín	30	
Fluairíd	20	
Aigéid halaicéiteacha (HAA _{anna})	50	
Tiúchan pH ian hidrigine	0,2	Féach Nóta 4
Iarann	30	
Luaidhe	[...] 30	
Mangainéis	30	
Mearcair	30	
Micricistín-LR	30	
Nicil	25	
Níotráit	15	
Nítrít	20	
[...]	[...]	
Inocsaídeacht	50	Féach Nóta 5
Lotnaidicídí	30	Féach Nóta 6 [...]
PFASanna	50	
Hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha	[...] 40	Féach Nóta 7 [...]
Seiléiniam	40	
Sóidiam	15	
Sulfáit	15	

Teitreaclóireitín	[...] 40	Féach Nóta 8 [...]
Tríchlóireitín	40	Féach Nóta 8 [...]
Tríhalaimeatáin — Iomlán	40	Féach Nóta 7 [...]
Iomlán an charbóin orgánaigh (TOC)	30	Féach Nóta 9
Moirtiúlacht	30	Féach Nóta 10
Úráiniam	30	
Clóiríd vinile	50	

2. Nótaí a ghabhann le Tábla 1

<i>Nóta 1</i>	Is é is neamhchinnteacht tomhais ann paraiméadar neamhdhiúltach a bhfuil de shaintréith aige scaipeadh na luachanna cainníochta a shanntar do thomhasán, bunaithe ar an bhfaisnéis a úsáidtear. Tá an critéar feidhmíochta le haghaidh na neamhchinnteachta tomhais ($k = 2$) cothrom leis an gcéatadán den luach paraiméadrach a luaitear sa tábla nó le haon luach eile is déine ná sin. Mura sonraítear a mhalairt, measfar gur ar leibhéal an luacha pharaiméadraigh a thomhaisfear an neamhchinnteacht tomhais.
<i>Nóta 2</i>	Mura féidir luach na neamhchinnteachta tomhais a chomhlíonadh, ba cheart an teicníc is fearr atá ar fáil a roghnú (suas le 60 %).
<i>Nóta 3</i>	Leis an modh seo, déantar iomlán na ciainíde sna foirmeacha go léir ina mbíonn sí a chinneadh.
<i>Nóta 4</i>	In aonaid pH a shloinntear luach na neamhchinnteachta tomhais[...].
<i>Nóta 5</i>	Modh tagartha: EN ISO 8467.
<i>Nóta 6</i>	Is mar threoir amháin a thugtar na saintréithe feidhmíochta a bhaineann le lotnaidicídí aonair. A fhad a bhaineann leis an neamhchinnteacht tomhais, is féidir luachanna atá chomh híseal le 30 % a bhaint amach i gcás roinnt lotnaidicídí agus is féidir go gceadófar luachanna is airde ná sin, suas le 80 %, i gcás lotnaidicídí áirithe.
<i>Nóta 7</i>	Tá na saintréithe feidhmíochta infheidhme maidir le gach substaint ar leith, a shonraítear mar 25 % den luach paraiméadrach atá i gCuid B d'Iarscríbhinn I.
<i>Nóta 8</i>	Tá na saintréithe feidhmíochta infheidhme maidir le gach substaint ar leith, a shonraítear mar 50 % den luach paraiméadrach atá i gCuid B d'Iarscríbhinn I.
<i>Nóta 9</i>	Ba cheart an neamhchinnteacht tomhais a mheas ag leibhéal 3 mg/l d'iomlán an charbóin orgánaigh (TOC). Úsáidfear treoirlínte CEN 1484 i ndáil le TOC a chinneadh agus carbón orgánach tuaslagtha (DOC) i dtaobh sonraíocht neamhchinnteachta an mhodha tástála.

Nóta 10	Ba cheart an neamhchinnteacht tomhais a mheas ag leibhéal 1.0 NTU, (aonaid moirtiúlachta neifiliméadraí) i gcomhréir le EN ISO 7027 nó modh caighdeánach comhchosúil eile.
----------------	---

3. Suim na PFASanna

D'fhéadfaí anailís a dhéanamh ar na substaintí ábhartha seo a leanas bunaithe ar na treoirlínte teicniúla a ceapadh i gcomhréir le hAirt. 11 (6) den Treoir seo:

- Aigéad sulfónáit sárfluaraiheacsáin [...] (PFHxS)
- Aigéad sulfónach sárfluaraiheaptán (PFOS)
- Aigéad sulfónach sárfluarochtáin [...] (PFOS)
- Aigéad sulfónach sárfluaranaonáin (PFNS)
- Aigéad sulfónach sárfluaradeacáin (PFDS)
- Aigéad sulfónach sárfluaraoideacáin
- Aigéad sulfónach sárfluaradóideacáin
- Aigéad sulfónach sárfluaraitrídeacáin
- Aigéad sárfluaraiheacsánóch [...] (PFHxA)
- Aigéad sárfluaraiheaptánóch [...] (PFHpA)
- Aigéad sárfluarochtánóch [...] (PFOA)
- Aigéad sárfluaranaonánóch [...] (PFNA)
- Aigéad sárfluaradóideacánóch [...] (PFDA)
- Aigéad sárfluaraoideacánóch (PFUnDA)
- Aigéad sárfluaradóideacánóch (PFDoDA)
- Aigéad sárfluaraitrídeacánóch (PFTrDA)

Déanfar faireachán ar na substaintí sin nuair a bhaintear de thátal as measúnú riosca agus bainistiú riosca an dobharcheantair/na ndobharcheantar a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 8 den Treoir seo gur dócha go bhfuil na substaintí sin i soláthar uisce ar leith.

IARSCRÍBHINN IV

FAISNÉIS DON PHOBAL

Beidh an faisnéis seo a leanas ar fáil do thomhaltóirí ar líne i leagan saincheaptha is furasta a thuiscint **nó ar bhealach eile**:

- (1) sonraí an tsoláthraí uisce ábhartha;
- (2) na torthaí is déanaí ar fhaireachán ar na paraiméadair a liostaítear i gCuid A, [...] Cuid B agus Cuid C d'Iarscríbhinn I, lena n-áirítear an mhinicíocht [...] samplála [...], [...] mar aon leis an luach paraiméadrach a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 5. Ní ceadmhach torthaí an fhaireacháin a bheith níos sine ná **aon bhliain amháin**:

[...]

- (3) **faisnéis ghinearálta maidir leis na cineálacha cóireála agus dífhabhtaithe uisce a cuireadh i bhfeidhm;**
- (4) [...] i gcás ina sáraítear na luachanna paraiméadracha a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 5 **agus a meastar gurb ábhartha iad do shláinte an duine ag na húdaráis inniúla nó comhlachtaí ábhartha eile**, faisnéis faoin mbaol atá ann do shláinte an duine agus an chomhairle sláinte agus tomhaltais a bhaineann leis an mbaol sin nó hipearnasc a thugann rochtain ar an bhfaisnéis sin;
- (5) [...] [...] **faisnéis is ábhartha maidir leis an measúnú riosca ar an soláthar;**

(5) faisnéis ar na paraiméadair tháscacha agus na luachanna paraiméadracha gaolmhara seo a leanas:

(a) [...]

(b) [...]

(c) [...]

(d) [...]

(e) [...]

(f) [...]

(g) [...]

(h) Cruas;

(i) Mianraí, ainiain/caitiain atá tuaslagtha in uisce;

[...]

[...]

- Calciam Ca
- Maignéisiam Mg
- Potaísiam K
- Sóidiam Na

[...]

- (6) comhairle do thomhaltóirí, lena n-áirítear comhairle faoi conas an tomhaltas uisce a laghdú agus rioscaí sláinte de dheasca bodharuisce a sheachaint;

(7) maidir le hollsoláthraithe uisce, faisnéis bhliantúil faoin méid seo a leanas:

- (a) feidhmíocht iomlán an chórais uisce maidir le héifeachtúlacht, lena n-áirítear **mar shampla** rátaí sceite agus an tomhaltas fuinnimh in aghaidh an mhéadair chiúbaigh den uisce a soláthraíodh;

[...]

(8) **Ar iarraidh réasúnaithe, tabharfar an fhaisnéis faoi phointe (1) go (5) do thomhaltóirí i gcóip chrua nó tabharfar** rochtain dóibh ar shonraí stairiúla faisnéise faoi phointe (2) agus pointe (3), suas le deich mbliana siar **ach sin a bheith ar fáil**[...].

IARSCRÍBHINN V

Cuid A

An Treoir Aisghairthe
agus liosta de na leasuithe a rinneadh uirthi
(dá dtagraítear in Airteagal 23)

Treoir 98/83/CE ón gComhairle (IO L 330, 5.12.1998, lch. 32)	
Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1)	Pointe 29 d'Iarscríbhinn II, agus an pointe sin amháin
Rialachán (CE) Uimh. 596/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 188, 18.7.2009, lch. 14)	Pointe 2.2 den Iarscríbhinn, agus an pointe sin amháin
Treoir (AE) 2015/1787 ón gCoimisiún (IO L 260, 7.10.2015, lch. 6)	

Cuid B

Teorainneacha ama don trasuí sa dlí náisiúnta

(dá dtagraítear in Airteagal 23)

Treoir	Teorainn ama don trasuí	
98/83/CE	25 Nollaig 2000	
(AE) 2015/1787	27 Deireadh Fómhair 2017	

IARSCRÍBHINN VI

TÁBLA COMHGHAOIL

Treoir 98/83/CE	An Treoir seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2, an fhoclaíocht tosaigh	Airteagal 2, an fhoclaíocht tosaigh
Airteagal 2 pt. 1 agus 2	Airteagal 2 pt. 1 agus 2
-	Airteagal 2 pt. 3 go 8
Airteagal 3(1), an fhoclaíocht tosaigh	Airteagal 3(1), an fhoclaíocht tosaigh
Airteagal 3(1)(a) agus (b)	Airteagal 3(1)(a) agus (b)
Airteagal 3(2) agus (3)	Airteagal 3(2) agus (3)
Airteagal 4(1), an fhoclaíocht tosaigh	Airteagal 4(1), an fhoclaíocht tosaigh
Airteagal 4(1)(a) agus (b)	Airteagal 4(1)(a) agus (b)
Airteagal 4(1), an dara fomhír	Airteagal 4(1)(c)
Airteagal 4(2)	Airteagal 4(2)
Airteagal 5(1) agus (2)	Airteagal 5(1)
Airteagal 5(3)	Airteagal 5(2)
Airteagal 6(1), pointe (a) go pointe (c)	Airteagal 6(1), pointe (a) go pointe (c)
Airteagal 6(1), pointe (d)	-
Airteagal 6(2)	-
Airteagal 6(3)	-
-	Airteagal 7
-	Airteagal 8
-	Airteagal 9
-	Airteagal 10

Airteagal 7(1)	Airteagal 11(1)
Airteagal 7(2)	Airteagal 11(2), an fhoclaíocht tosaigh
-	Airteagal 11(2), pointe (a) go pointe (c)
Airteagal 7(3)	Airteagal 11(3)
Airteagal 7(4)	-
Airteagal 7(5)(a)	Airteagal 11(4), an fhoclaíocht tosaigh
Airteagal 7(5)(b)	Airteagal 11(4)(a)
Airteagal 7(5)(c)	Airteagal 11(4)(b)
Airteagal 7(6)	Airteagal 11(5)
Airteagal 8(1)	Airteagal 12(1)
Airteagal 8(2)	Airteagal 12(2), an chéad fhomhír
-	Airteagal 12(2), an dara fhomhír
Airteagal 8(3)	Airteagal 12(3), an chéad fhomhír
-	Airteagal 12(3), an dara fhomhír
-	Airteagal 12(4), pointe (a) go pointe (c)
Airteagal 8(4)	Airteagal 12(5)
Airteagal 8(5) go (7)	-
Airteagal 9	-
Airteagal 10	-
-	Airteagal 13
-	Airteagal 14
-	Airteagal 15
-	Airteagal 16
-	Airteagal 17

Airteagal 11(1)	Airteagal 18(1), an chéad fhomhír
-	Airteagal 18(1), an dara fhomhír
Airteagal 11(2)	-
-	Airteagal 18(2)
-	Airteagal 19
Airteagal 12(1)	Airteagal 20(1)
Airteagal 12(1), an chéad fhomhír	Airteagal 20(1)
Airteagal 12(2), an dara fhomhír	-
Airteagal 12(3)	-
Airteagal 13	-
Airteagal 14	-
Airteagal 15	-
-	Airteagal 21
Airteagal 17(1) agus (2)	Airteagal 22(1) agus (2)
Airteagal 16(1)	Airteagal 23(1)
Airteagal 16(2)	-
	Airteagal 23(2)
Airteagal 18	Airteagal 24
Airteagal 19	Airteagal 25
Iarscríbhinn I, cuid A	Iarscríbhinn I, cuid A
Iarscríbhinn I, cuid B	Iarscríbhinn I, cuid B
Iarscríbhinn I, cuid C	-
-	Iarscríbhinn I, cuid C
Iarscríbhinn II, Cuid A (1)(a) go (c)	Iarscríbhinn II, Cuid A (1)(a) go (c)

Iarscríbhinn II, Cuid A (2), an chéad fhomhír	Iarscríbhinn II, Cuid A (2), an chéad fhomhír
-	Iarscríbhinn II, Cuid A (2), an dara fomhír agus tábla
Iarscríbhinn II, Cuid A (2), an dara fomhír	Iarscríbhinn II, Cuid A (2), an tríú fomhír
Iarscríbhinn II, Cuid A (3)	-
Iarscríbhinn II, Cuid A (4)	Iarscríbhinn II, Cuid A (3)
Iarscríbhinn II, Cuid B (1)	-
Iarscríbhinn II, Cuid B (2)	Iarscríbhinn II, Cuid B (1)
Iarscríbhinn II, Cuid B (3)	Iarscríbhinn II, Cuid B (2)
Iarscríbhinn II, Cuid C (1)	-
Iarscríbhinn II, Cuid C (2)	Iarscríbhinn II, Cuid C (1)
Iarscríbhinn II, Cuid C (3)	-
Iarscríbhinn II, Cuid C (4)	Iarscríbhinn II, Cuid C (2)
Iarscríbhinn II, Cuid C (5)	Iarscríbhinn II, Cuid C (3)
-	Iarscríbhinn II, Cuid C (4)
Iarscríbhinn II, Cuid C (6)	-
Iarscríbhinn II, Cuid D, pointe (1) go pointe (3)	Iarscríbhinn II, Cuid D, pointe (1) go pointe (3)
Iarscríbhinn III, an chéad fhomhír agus an dara fomhír	Iarscríbhinn III, an chéad fhomhír agus an dara fomhír
Iarscríbhinn III, cuid A, an chéad fhomhír agus an dara fomhír	-
Iarscríbhinn III, cuid A, an tríú fomhír, pointe (a) go pointe (f)	Iarscríbhinn III, cuid A, an tríú fomhír, pointe (a) go pointe (h)
Iarscríbhinn III, cuid B, (1), an chéad fhomhír	Iarscríbhinn III, cuid B, (1), an chéad fhomhír
Iarscríbhinn III, cuid B, (1), an dara fomhír	-

Iarscríbhinn III, cuid B, (1), an tríú fomhír agus Tábla 1	Iarscríbhinn III, cuid B, (1), an dara fomhír agus Tábla 1
Iarscríbhinn III, cuid B, (1), Tábla 2	-
Iarscríbhinn III, cuid B, (2)	Iarscríbhinn III, cuid B, (2)
Iarscríbhinn IV	-
Iarscríbhinn V	-
-	Iarscríbhinn IV
-	Iarscríbhinn V
-	Iarscríbhinn VI

IARSCRÍBHINN VII

NA PRIONSABAIL MAIDIR LE MODHEOLAÍOCHTAÍ COITEANNA A SHOCRÚ

Grúpaí ábhar

1 *Ábhair orgánacha*

Ní fhéadfar ábhair orgánacha a dhéanamh ach as na substaintí tosaithe a thugtar sa liosta dearfach agus ar an iomlán do shubstaintí dar féidir a chur as an áireamh go mbíonn an tsubstaint agus a táirgí imoibriúcháin i láthair ag leibhéil is airde ná 0.1 µg/l in uisce do thomhaltas an duine, ach amháin - má theastaíonn luach níos déine ó shubstaintí sonracha lena gcuirtear a dtocsaineacht san áireamh. I gcás inar féidir cleachtas is infheidhme maidir le hábhair a bhíonn i dteagmháil le huisce óil a bhunú ar a bhfuil i bhfeidhm cheana ar an leibhéal Eorpach maidir le hábhair a bhíonn i dteagmháil le bia (liosta dearfach) (Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, dá ngairtear 10/2011/CE anseo feasta). Is ar liosta an Aontais atá i Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún a bheidh an liosta dearfach Eorpach d'ábhair orgánacha bunaithe.

Déanfar ábhair orgánacha a thástáil de réir Thábla 1 i gcomhréir le modhanna tástála EN sonraithe agus ní mór dóibh na ceanglais a leagtar síos iontu a shásamh. Chun na críche sin, déanfar torthaí na dtástálacha i dtéarmaí ascnamh substainte a chomhshó ina leibhéil a bhfuiltear ag súil leo ag an mbuacaire.

2 *Ábhair mhiotalacha*

Ní úsáidfear ach na hábhair mhiotalacha atá sa liosta dearfach de chomhdhéanaimh faoin Treoir seo. Comhlíonfar na teorannacha a leagtar síos sa liosta dearfach Eorpach i ndáil le comhdhéanamh na n-ábhar sin, an úsáid atá acu i dtaobh táirgí áirithe agus úsáid na dtáirgí sin.

Déanfar comhdhéanaimh a thástáil de réir Thábla 1 i gcomhréir le modhanna tástála EN sonraithe agus ní mór dóibh na ceanglais a leagtar síos iontu a shásamh.

3 *Ábhair stroighniúla*

As comhábhair (neamhorgánacha nó orgánacha) a dhéantar ábhair stroighniúla. As substaintí tosaithe a dhéantar na comhábhair orgánacha. Ní fhéadfar ábhair stroighne a bhíonn i dteagmháil le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a dhéanamh ach as na cineálacha substaintí tosaithe a thugtar sa liosta dearfach Eorpach (liosta comhdhéanamh faofa) faoin Treoir seo. Ní fhéadfar roinnt cineálacha comhábhair a dhéanamh ach as na substaintí tosaithe a thugtar sna liostaí dearfacha agus as substaintí ar féidir a chur as an áireamh go mbíonn an tsubstaint gona táirgí imoibriúcháin i láthair ag leibhéil is mó ná 0.1 µg/l in uisce do thomhaltas an duine. Caithfidh cineálacha comhábhair eile na Caighdeáin Eorpacha iomchuí a chomhlíonadh.

Déanfar ábhair, ar le stroighin a choinnítear ina chéile iad, a thástáil de réir Thábla 1 i gcomhréir le modhanna tástála EN sonraithe agus ní mór dóibh na ceanglais a leagtar síos iontu a shásamh. Chun na críche sin, déanfar torthaí na dtástálacha i dtéarmaí ascnamh substainte a chomhshó ina leibhéal a bhfuiltear ag súil leo ag an mbuacaire.

4 Cruain agus ábhair chriaga

Ní fhéadfar cruain agus ábhair chriaga a bhíonn i dteagmháil le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a dhéanamh ach as na cineálacha substaintí tosaithe a thugtar sa liosta dearfach Eorpach (liosta comhdhéanamh faofa) faoin Treoir seo.

Ní mór measúnú a dhéanamh ar na heilimintí miotalacha a úsáidtear i gcomhdhéanamh na n-ábhar sin.

Déanfar cruain agus ábhair chriaga a thástáil de réir Thábla 1 i gcomhréir le mhodhanna tástála EN sonraithe agus ní mór dóibh na ceanglais a leagtar síos iontu a shásamh. Chun na críche sin, déanfar torthaí na dtástálacha i dtéarmaí ascnamh substainte a chomhshó ina leibhéal a bhfuiltear ag súil leo ag an mbuacaire.

5 Eisceachtaí i ndáil le measúnú ábhar a úsáidtear i mion-chomhpháirteanna cóimeáilte

Cur síos ar na tástálacha, ar na ceanglais, agus ar an nós imeachta a bhaineann le comhpháirteanna cóimeáilte a fhaomhadh, lena ndéantar cur síos sonrach ar shainmhíniú agus meastóireacht mion-chomhpháirteanna, páirteanna, agus ábhar. Chun na críche sin, tagraíonn 'mion' don leibhéal tionchair ar cháilíocht an uisce óil nach dteastaíonn an tástáil iomlán ina leith.

Tábla 1. Tástáil maidir le cineálacha ábhair

Na critéir	Orgánach (1)	Miotalach (2)	Stroighniúil	Cruain agus ábhair chriaga
Liostaí Dearfacha Eorpacha				
Liosta dearfacha d'ábhair orgánacha shubstaintí tosaithe	X	N.N.	X	N.N
Liostaí dearfacha de chomhdhéanaimh mhiotalacha a bhfuil glacadh leo	N.N.	X	N.N.	N.N
Liosta comhábhair faofa d'ábhair stroighniúla	N.N.	N.N.	X	N.N.
Liosta dearfach de chruain agus comhdhéanaimh chriaga a bhfuil glacadh leo	N.N	N.N	N.N	X

Tástálacha orgánaileipteacha				
Boladh agus blas	X	N.N.	X	N.N.
Dath agus Moirtiúlacht	X	N.N.	X	N.N.
Measúnuithe sláinteachais ghinearálta				
Láisteadh an charbóin orgánaigh iomláin	X	N.N.	X	N.N.
Iarmhair dromchla (miotail)	N.N.	X	N.N.	N.N.
Tástáil ascnaimh				
Paraiméadair DWD ábhartha	X	X	X	X
SML de shubstaintí PL	X	N.N.	X (3)	N.N.
Substaintí neamhamhrasacha (GCMS)	X	N.N.	X (3)	N.N.
Comhlíonadh CL	N.N.	X	N.N.	X
Fás miocróbach a fheabhsú	X	N.N.	X (3)	N.N.

N.N: Ní gá

SML: Teorainn Shonrach Ascnaimh (bunaithe ar fhachtóir leithdháilte 10 %)

GCMS: Crómatagrafaíocht Gháis - Mais-Speictriméadracht (modh scagtha)

(1) Eisceachtaí sonracha le cinneadh i gcomhréir le mír 5 den Iarscríbhinn seo;

(2) Ní bheidh miotail faoi réir tástáil orgánaileipteach toisc go nglactar leis i gcoitinne gur beag seans go mbeidh fadhbanna orgánaileipteacha ann má chomhlíontar teorannacha DWD;

(3) Ag brath ar cé acu atá nó nach bhfuil substaintí orgánacha sa chomhdhéanamh.